Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)**

**7179/26
ADD 1**

**ENER 117
ENV 212
TRANS 137
ECOFIN 313
RECH 114**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1523 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>le treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1523 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1523 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2026
C(2026) 1523 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**le treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**

**Treoir phraiticiúil maidir le seirbhísí ionad ilfhreastail le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**

## 1. RÉAMHRÁ: COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL AGUS BEARTAIS

Is uirlis ríthábhachtach iad seirbhísí ionad ilfhreastail (IIF) chun éileamh agus píblínte infheistíochta comhiomlána a spreagadh le haghaidh athchóiriú fuinnimh. Tá ról ríthábhachtach ag ionaid ilfhreastail maidir le leathadh amach praiticiúil na n-athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a shimpliú; cúnamh a thabhairt d'úinéirí tí le linn a dturas athchóirithe; tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus le micrifhiontair agus bearta agus réitigh éifeachtúlachta fuinnimh á nglacadh acu; agus feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí a bhaineann le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh.

Is féidir leis an dearadh agus na seirbhísí a sholáthraíonn IIF a bheith an-éagsúil agus ba cheart iad a chur in oiriúint do chúinsí náisiúnta agus áitiúla agus do riachtanais na n-údarás. Mar sin féin, déantar a dtairbhí a uasmhéadú nuair a chomhtháthaítear roinnt seirbhísí in IIF agus nuair a théann siad níos faide ná comhairle chineálach amháin a sholáthar, nuair a chomhcheanglaíonn siad seirbhísí a sholáthraítear go fisiciúil agus ar líne, agus nuair a thugtar aghaidh go soiléir ar a rialachas agus ar a n-inbhuanaitheacht airgeadais ón tús agus nuair a leabaítear iad i gcreat rialachais cobhsaí. Nuair atá ionaid ilfhreastail dea-dheartha agus leabaithe i gcreat tacaíochta, foriomlán náisiúnta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóirithe fuinnimh foirgneamh, is féidir ról bunúsach a bheith ag IIF maidir le rátaí athchóirithe fuinnimh a mhéadú go mór ó scála agus maidir le hinfheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh a chomhiomlánú agus a shlógadh, agus seirbhísí leasa phoiblí ghinearálta á soláthar don phobal an tráth céanna.

I bhfianaise an mhéid sin, le hAirteagal 22(6) de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú) (athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh)[1] agus le hAirteagal 18(1) de Threoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú na Treorach maidir le FFF)[2], ceanglaítear ar an gCoimisiún treoirlínte a sholáthar chun IIF a chur ar bun le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Freagraíonn na treoirlínte seo don cheanglas sin.

I bhfianaise a thábhachtaí atá an stoc foirgneamh cónaithe príobháideach chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach, dírítear sna treoirlínte seo go príomha ar an deighleog sin. Mar sin féin, is féidir cur chuige comhchosúil a chur i bhfeidhm maidir le riachtanais eintiteas poiblí nó FBManna agus micrifhiontar.

[1] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).

[2] Treoir 2010/2024/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 2024/1275, 8.5.2010, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj).

Comhlánaíonn na treoirlínte seo Moladh (AE) 2024/2481 ón gCoimisiún [3] agus go háirithe, Roinn 5.3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh sin dar teideal 'IIF chun comhairle theicniúil, riaracháin agus airgeadais a sholáthar maidir le héifeachtúlacht fuinnimh — Airteagal 22(4), (5) agus (6)'. Go sonrach, cé go mbaineann na treoirlínte sa Mholadh sin le trasuí Airteagal 22 d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, is é is aidhm do na treoirlínte seo moltaí a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag údaráis cur chun feidhme le linn dóibh IIF a chur ar bun agus a oibriú.

Comhlánaíonn na treoirlínte seo freisin Roinn 5 d'Iarscríbhinn II [4] a ghabhann leis an bhFógra ón gCoimisiún lena dtugtar treoir maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le FFF ('Dreasachtaí airgeadais, scileanna agus bacainní margaidh' (Airteagal 17) agus 'Ionaid ilfhreastail le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh' (Airteagal 18)), lena ndírítear ar na critéir agus ar na ceanglais chun cur in úsáid éifeachtach an chúnaimh theicniúil agus IIF a áirithiú ar fud na gcríoch náisiúnta.

Forbraíodh na treoirlínte seo ar bhonn thaithí agus shaineolas fadtéarmach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le tacaíocht chláir an Aontais a chur chun feidhme d'ionaid ilfhreastail agus do ghníomhaíochtaí eile le haghaidh athchóirithe fuinnimh agus maidir lena dtorthaí a chomhiomlánú — go háirithe trí ghníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh Fís 2020 agus tríd an bhfochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE. Roinntear na treoirlínte seo sna caibidlí seo a leanas:

- Roinn 2 ina sonraítear sainmhínithe, coincheap agus cuspóirí ábhartha IIF;
- Roinn 3 ina sonraítear an 'turas custaiméara', na seirbhísí éagsúla agus na samhlacha IIF atá ann cheana;
- Roinn 4 lena gcumhdaítear na príomhghnéithe atá le cur san áireamh agus IIF á bhunú mar chuid den chreat tacaíochta náisiúnta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh;
- Roinn 5 ina dtugtar aghaidh ar thacaíocht chistiúcháin ón Aontas chun IIF a bhunú le haghaidh athchóirithe tí.

Ar fud an doiciméid, cuirtear samplaí de chleachtais atá ann cheana ar fáil i mboscaí tiomnaithe. Ag deireadh an doiciméid, tá tuilleadh tagairtí in Iarscríbhinn dar teideal 'Acmhainní breise'.

## 2. SAINMHÍNITHE AGUS COINCHEAPA ÁBHARTHA

Ní shainmhínítear coincheap an 'ionaid ilfhreastail' in athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) ná in athmhúnlú na Treorach maidir le FFF

---

[3] Togra (AE) 2024/2481 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagail 21, 22 agus 24 de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le tomhaltóirí. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202402481

[4] Fógra ón gCoimisiún lena dtugtar treoir maidir le forálacha nua nó forálacha atá modhnaithe go substaintiúil den Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (AE) (athmhúnlú) 2024/1275, C(2025) 6438, 18.12.2025, Iarscríbhinn II 'Dreasachtaí airgeadais, scileanna agus bacainní margaidh (Airteagal 17) agus ionaid ilfhreastail (Airteagal 18)', roinn 5 ('Ionaid ilfhreastail (Airteagal 18 agus Airteagal 19(3)), le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/6438/oj.

(AE/2024/1275); léirítear i Moladh (AE) 2024/2481 (Roinn 3.2.2.) go dtagraíonn sé 'd'áit fhíorúil nó fhisiciúil ina dtacaítear le páirtithe leasmhara i ngach ceist agus i gcéimeanna cur chun feidhme de thionscadal athchóirithe a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh, lena gcumhdaítear comhairle maidir leis an topaic agus an fhaisnéis agus na seirbhísí uile a bhfuil gá acu leo chun tionscadal uaillmhianach domhanda éifeachtúlachta fuinnimh/athchóirithe a chur chun feidhme.' De ghnáth, soláthraíonn IIF comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin, dlíthiúil agus airgeadais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe le haghaidh athchóirithe fuinnimh foirgneamh.

Léiríonn coincheap IIF prionsabal an tsimplithe, go háirithe i dtéarmaí an líon teagmhálacha riachtanacha agus na céimeanna nós imeachta a laghdú. Cuidíonn sé freisin le hiontaoibh na n-úinéirí tí a dhaingniú i dtoradh na n-athchóirithe agus in idirghabhálacha na gceirdeanna éagsúla (conraitheoirí, soláthróirí, etc.)

Is féidir le IIF rochtain teaghlach ar ghairmithe cáilithe a éascú freisin agus laghdú a dhéanamh an tráth céanna ar na hiarrachtaí tráchtála a theastaíonn ó ghairmithe chun conarthaí nua a fháil.

Tá éagsúlacht sna cuspóirí a shaothraítear agus IIF á chur ar bun agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas ar fad nó cuid díobh a bheith san áireamh iontu:

- **Faisnéis a scaipeadh,** ag díriú ar chomhsheasmhacht na dteachtaireachtaí agus inchreidteacht an eintitis (nó na n-eintiteas) a scaipeann iad a áirithiú;

- **Rochtain ar thacaíocht airgeadais a chuíchóiriú** (mar shampla, tairseach chistiúcháin aonair), cuspóirí agus coinníollacha incháilitheachta a chuíchóiriú, agus costais bhainistíochta a bharrfheabhsú;

- **Dliteanais a shoiléiriú agus iontaoibh a dhaingniú**, coinníoll riachtanach le haghaidh athchóirithe níos uaillmhianaí;

- **Scileanna a chomhthiomsú**, trí shainscileanna a thabhairt le chéile agus trí thacú le forbairt scileanna nua;

- **Infheistíocht ar mhionscála a spreagadh agus a chomhiomlánú** agus mais chriticiúil a bhaint amach, rud a d'fhéadfadh údar a thabhairt ansin le réitigh thiomnaithe airgeadais a fhorbairt, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais agus comhpháirtíochtaí tiomnaithe le hinstitiúidí airgeadais[5].

## 3. RAON SEIRBHÍSÍ ÉAGSÚLA AGUS COMHLÁNTACHA

### 3.1. Gan aon réiteach *a oireann do chách*

I bhfianaise éagsúlacht leathan na ndaoine agus na gcásanna ar díríodh orthu, agus cineál ilroinnte na hearnála tógála, ina gcuimsítear roinnt mhaith gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí, is próiseas casta é athchóiriú a dhéanamh ar thithíocht.

[5] Moladh ón gCoimisiún maidir le hinfheistíocht phríobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil C(2026)1526.

1. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar phríomhsprioc ag IIF an chastacht a bhaineann go dlúth le hathchóiriú tithíochta a ghlacadh agus an oiread den ualach is féidir a bhaint de theaghlaigh agus de ghníomhaithe eile sa mhargadh. Chun an turas athchóirithe a dhéanamh níos éasca, ní cheanglaítear le hathmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) ná le hathmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) struchtúr aonair chun na seirbhísí uile a sholáthar do gach duine aonair. **Seachas struchtúr aonair amháin, ba cheart é a bheith mar aidhm éiceachóras struchtúr comhleanúnach agus comhlántach a bhunú.**

**Tá roinnt mhaith bealaí éagsúla ann chun na seirbhísí a theastaíonn ó úinéirí tí a thabhairt le chéile**, cuid acu ag teacht go soiléir faoi shainchúram na gníomhaíochta poiblí, cuid eile acu fréamhaithe ar bhealach i bhfad níos daingne sa mhargadh príobháideach. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin **nach sonraítear sna Treoracha cé ba cheart na seirbhísí a sholáthar**, agus go háirithe cé acu ba cheart nó nár cheart do na hoibreoirí a bheith poiblí nó príobháideach. **Ní cheanglaítear leis na Treoracha sin ach oiread go mbeadh na seirbhísí saor in aisce**, rud a chiallaíonn gur féidir leis an soláthraí seirbhíse táillí a ghearradh. Leis na Treoracha sin, áfach, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta airgeadais iomchuí agus cúnamh teicniúil iomchuí a sholáthar, agus ag díriú go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis phoiblí a áirithiú gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar sheirbhísí IIF, lena n-áirítear iad siúd is mó atá i ngátar.

**Mar a luadh thuas, ba cheart do IIF a bheith ina phríomhfhócas chun iontaoibh a chothú le linn an phróisis athchóirithe.** Is féidir le dúshláin agus éiginnteachtaí a bheith ag baint leis an turas athchóirithe tí, rud a fhágann go mbíonn drogall ar roinnt mhaith úinéirí tí ceangal a chur orthu féin athchóirithe cuimsitheacha a dhéanamh in ainneoin na faisnéise agus na ndreasachtaí atá ar fáil. Chun go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar iarfheistithe uaillmhianacha, ní mór d'úinéirí tí muinín a bheith acu ní hamháin go bhfuil an chomhairle a fhaigheann siad iontaofa, ach freisin gur féidir na heagraíochtaí lena n-oibríonn siad a chur faoi dhliteanas, agus gur ann d'iontaoibh má théann rudaí in aimhréidh. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil na bealaí ina bhféadfaí iontaoibh a thógáil diongbháilte ó thaobh an chultúir de, agus go bhféadfadh éagsúlacht mhór a bheith sa chur chuige ó chomhthéacs amháin go chéile. Mar shampla, i roinnt réigiún, d'fhéadfadh dlúthbhaint a bheith ag iontaoibh le formhuiniú agus rannpháirtíocht rialtais, agus i réigiúin eile, d'fhéadfadh ról níos suntasaí a bheith ag eagraíochtaí pobalbhunaithe nó príobháideacha sa mhargadh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara áitiúla, dúshláin réigiúnacha a thuiscint agus straitéisí a chur in oiriúint do roghanna áitiúla chun go n-éireoidh leo. Trí thuiscint a fháil ar na miondifríochtaí agus iad a ionchorprú i ndearadh na samhlacha IIF atá le cur in úsáid, áiritheofar go mbeidh na seirbhísí a sholáthraítear éifeachtach agus go gcuirfidh úinéirí tí fáilte rompu.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, IIF a dhaingniú laistigh dá gcomhthéacs áitiúil, go minic ar leibhéal na cathrach nó ar an leibhéal réigiúnach, agus caidreamh soiléir dea-struchtúrtha a bhunú le húdaráis phoiblí áitiúla chun a áirithiú go n-éireoidh le IIF[6].

[6] JRC Publications Repository - The role of one-stop shops in energy renovation - a comparative analysis of OSSs cases in Europe [Stóras Foilseachán JRC — Ról na n-ionad ilfhreastail in athchóiriú fuinnimh — anailís chomparáideach ar chásanna IIF san Eoraip]

### 3.2. Turas custaiméara'

Sa roinn seo tugtar dearcadh na n-úinéirí tí agus sonraítear na cineálacha éagsúla tacaíochta atá ar fáil dóibh agus iad ag tabhairt faoi thionscadal athchóirithe fuinnimh, chomh maith leis na saincheisteanna coiteanna is dócha a bheidh rompu. Is féidir an 'turas custaiméara' a shainmhíniú mar na céimeanna nach mór d'úinéirí tí a leanúint chun a dtionscadal a chur i gcrích. Sna pointí seo a leanas, cuirtear na céimeanna i láthair thíos ar bhealach an-seicheamhach, ach d'fhéadfadh roinnt leaganacha a bheith ann ag céimeanna áirithe, chomh maith le lúba aiseolais.

0. **Teagmhas truiceartha**: Ní i gcónaí a bhíonn daoine réidh le beart a dhéanamh, agus nuair a chuirtear san áireamh an próiseas casta agus anásta a bhaineann le teach a athchóiriú, is annamh agus is beag deis a bhíonn ann uaireanta. Cé go bhféadfadh sé gur leor faisnéis agus margaíocht chun gníomhaíochtaí níos simplí a spreagadh, ní leor iad de ghnáth chun athchóiriú fuinnimh domhain a spreagadh, a bhfuil ról lárnach ag gnéithe comhthéacsúla agus tosca spreagtha eile ina leith freisin. Mar shampla, tá sé thar a bheith tábhachtach dul i dteagmháil le teaghlaigh agus iad i mbun a dteach a cheannach, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh fonn orthu obair athchóirithe mhór a dhéanamh sula mbogann siad isteach. D'fhéadfaí teaghlaigh a spreagadh freisin chun obair a dhéanamh nuair a mhéadaíonn a dteaghlach nó, os a choinne sin, nuair a fhágann na leanaí an baile. Ní truicear lárnach é an fuinneamh in aon cheann de na samplaí sin; is rud é a smaoinítear air níos déanaí i bpróiseas a thosaítear le hábhair imní eile. Le deimhniú feidhmíochta fuinnimh nó uirlis ghaolmhar, amhail pas athchóirithe nó toradh ar iniúchadh fuinnimh lena léirítear go bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh ag an bhfoirgneamh, is féidir machnamh a spreagadh freisin ar an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh. Faoi Airteagal 19 d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), ceanglaítear ar údaráis phoiblí cuireadh a thabhairt d'úinéirí tí dá ndéantar difear (iad siúd ar leo foirgneamh nó aonad foirgnimh a bhfuil feidhmíocht íseal fuinnimh aige) chuig IIF le haghaidh comhairle athchóirithe [7].

1. **Ionduchtú:** sa chomhthéacs sin, chun an costas a bhaineann le hionchais nua a aimsiú a íoslaghdú, is é an chéad chur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann duine féin a bheith le feiceáil agus a bheith ar fáil chun tacú leis na teaghlaigh sin amháin a bhfuil tús curtha acu lena bpróiseas athchóirithe cheana féin agus a bhfuil bearta gníomhacha déanta acu chun cabhair a lorg. Mar sin féin, tá an baol ann nach n-oibreoidh an cur chuige éighníomhach sin go príomha ach le teaghlaigh atá cinnte cheana féin, agus a bhféadfadh sé go ndearna siad a n-athchóiriú fiú gan cúnamh seachtrach. D'fhéadfaí cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh, chun teaghlaigh atá ag tráth ina saol atá fabhrach d'obair athchóirithe a shainaithint go tapa. Mar shampla, is féidir comhpháirtíochtaí le bainc mhiondíola a fhorbairt chun tacaíocht shonrach a chur ar fáil do cheannaitheoirí nua. Ag dul céim amháin níos faide, agus in ainneoin na gcostas i bhfad níos airde a bhaineann leo, tá sé cruthaithe go bhfuil straitéisí

[7] Ceanglaítear le hAirteagal 19(13) go n-iarrfar ar úinéirí foirgneamh a bhfuil deimhniú feidhmíochta fuinnimh acu atá faoi bhun leibhéal C teacht chuig ionad ilfhreastail le haghaidh comhairle athchóirithe ar dhul in éag a ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh nó 5 bliana tar éis a eisiúna, cibé acu is túisce.

rannpháirtíochta réamhghníomhacha — amhail láithreacht comharsanachtaí aníos agus feachtais ó dhoras go doras — éifeachtach agus go bhfuil siad ríthábhachtach i gcónaí.

2. **Diagnóis agus moltaí simplithe:** soláthraíonn formhór na n-ionad ilfhreastail poiblí atá ag feidhmiú san Aontas faoi láthair seirbhís faisnéise (teachtaireacht-lárnach) agus comhairle (faighteoir-lárnach) chun treoir a thabhairt d'úinéirí tí maidir lena roghanna. Cé gur comhairle chineálach í an chomhairle sin, tugann sí an phríomhfhaisnéis is gá d'úinéirí tí chun an chéad chinneadh a dhéanamh (bonn 'gluais/stad') agus chun páirt bhreise a ghlacadh in aistear an chustaiméara. Mar sin féin, cé go bhfuil sé d'aidhm ag an suíomh sin cosc a chur ar an IIF dliteanas gairmiúil a tharraingt maidir le haon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chur i gcrích na hoibre, fágann sé na cinntí uile agus a n-iarmhairtí faoin úinéir tí.

3. **Dearadh an tionscadail:** a luaithe a dhéanfar cinneadh tosaigh chun an obair a dhéanamh, ba cheart anailís mhionsonraithe a dhéanamh (lena n-áirítear, mar shampla, iniúchadh fuinnimh ar an láthair), agus ina dhiaidh sin sainmhíniú mionsonraithe ar an obair atá le déanamh, lena n-áirítear ceanglais shonracha (mar shampla, maidir leis na teicnící agus na hábhair atá le húsáid). Tá dearadh mionsonraithe an-luachmhar agus riachtanach le haghaidh athchóirithe fuinnimh doimhne. Mar sin féin, cuireann an costas a bhaineann leis bac fós ar fhormhór na n-úinéirí tí mura ndéantar é a fhóirdheonú. Níl na scileanna speisialaithe is gá ag formhór mór na n-úinéirí tí chun an chéim ríthábhachtach strusmhar sin den tionscadal a dhéanamh astu féin. I bhfianaise an leibhéil mionsonraí a bhíonn ag teastáil, is gá go mbeadh dliteanas gairmiúil an eintitis a sholáthraíonn iad i gceist leis na seirbhísí a sholáthraítear ag an gcéim seo. D'fhéadfaidís teacht go hiomlán faoi raon feidhme na hiomaíochta margaidh freisin, toisc gur féidir le hailtirí nó gairmithe tógála iad a sholáthar de ghnáth.

4. **Cuideachtaí a roghnú:** i bhformhór mór na gcásanna, is lucht ceirde agus suiteálaithe, go deimhin, an chéad phointe iontrála d'úinéirí tí ar thuras athchóirithe fuinnimh. Is mór idir na cúiseanna is mó a spreagann daoine chun teagmháil a dhéanamh leo agus ní gá gurbh é coigilteas fuinnimh an príomhchúis ina measc sin. Ach teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an lucht ceirde, is gnách go dtairgfidh siad, ní hamháin an obair athchóirithe a dhéanamh ach dearadh na hoibre a shainiú freisin, ar chostas foriomlán. Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige sin na costais iontrála a laghdú agus dlús a chur leis na próisis, b'fhéidir. Deacracht bhreise ag an gcéim seo is ea go bhfuil an earnáil tógála thar a bheith ilroinnte agus nach gá go mbeadh an lucht ceirde, fiú iad siúd a bhfuil ardscileanna acu ina gceird, in ann athchóirithe casta cuimsitheacha a thairiscint. Cé go bhfuil roghnú na gconraitheoirí ríthábhachtach, fágann cineál teicniúil na dtairiscintí agus an cinneadh atá le déanamh maidir le costais infheistíochta iarbhír go mbíonn strus ar leith ar úinéirí tí ag an gcéim seo. Is mó atá sé sin fíor i gcás nár sonraíodh an obair go leormhaith nó mura bhfuil cúnamh gairmiúil ag na húinéirí tí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le costais, moilleanna nó dlíthíocht gan choinne ina dhiaidh sin.

5. **Plean maoiniúcháin:** cé go gcuirtear an plean maoiniúcháin i láthair anseo sách déanach sa phróiseas, is iondúil go dtionscnaítear é i bhfad níos luaithe, agus déantar é a bheachtú de réir a chéile de réir mar a éiríonn cinntí teicniúla agus costais níos

soiléire. Is léir go bhfuil tionchar ag cumas íocaíochta an teaghlaigh ar na cinntí teicniúla, agus déantar athbhreithniú arís agus arís eile ar dhearadh an tionscadail trí na roghanna maoiniúcháin a mheas. Is ag an gcéim seo freisin a shainaithneofar fóirdheontais phoiblí atá ar fáil/a d'fhéadfadh a bheith ann, agus déanfar meastachán ar an ngá atá le fiachas chun an tionscadal a mhaoiniú.

6. **Réitigh mhaoiniúcháin:** nasctha leis an bplean maoiniúcháin, céim ríthábhachtach i bhformhór na dtionscadal athchóirithe fuinnimh domhain is ea foinsí seachtracha airgeadais a dhaingniú, ós rud é gur gnách go mbíonn na costais tosaigh shubstaintiúla i bhfad níos mó ná an coigilteas teaghlaigh atá ar fáil. Áirítear ar na foinsí sin de ghnáth iasachtaí do thomhaltóirí (ar féidir iad a fhóirdheonú), iasachtaí nó morgáistí tithíochta urraithe (go háirithe nuair is cuid de thionscadal ceannaigh tí é an t-athchóiriú), agus bearta maoinithe phoiblí, amhail deontais, dreasachtaí cánach, ionstraimí airgeadais agus iasachtaí fóirdheonaithe.

7. **Obair athchóirithe:** is iondúil go ndéanann cuideachta tógála amháin nó, níos minice ná sin, roinnt cuideachtaí tógála oibreacha athchóirithe. Is minic a fheidhmíonn na cuideachtaí sin mar cheirdeanna ar leith nach bhfuil comhordaithe, rud a éilíonn réamhphleanáil agus cuíchóiriú a n-idirghabhálacha, rud a d'fhéadfadh a bheith casta.

8. **Maoirseacht ar an láthair oibre/glacadh na hoibre:** tá comhordú agus maoirseacht éifeachtach ar an láthair oibre ríthábhachtach chun cosc a chur ar chonraitheoirí obair faoi bhun caighdeáin a dhéanamh. I gcás tionscadail chuimsitheacha, is dúshlán mór é maoirseacht a dhéanamh ar obair conraitheoirí éagsúla nach bhfuil formhór na ndaoine ullamh ina leith. Cé gur minic a dhéanann ailtirí maoirseacht ar an obair, roghnaíonn roinnt mhaith úinéirí tí maoirseacht a dhéanamh ar na tionscadail iad féin. D'fhéadfadh fadhbanna tromchúiseacha tógála a bheith mar thoradh air sin, amhail taise ó dhroichid theirmeacha nó droch-cháilíocht an aeir laistigh, agus d'fhéadfadh iarmhairtí airgeadais a bheith mar thoradh air freisin mura gcomhlíontar ceanglais deontais.

9. **Dearbhú cáilíochta, ráthaíochtaí agus bearta leantacha:** i bhfianaise na mbacainní agus na héiginnteachta a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh uaillmhianacha, is seirbhísí iad dearbhú cáilíochta, ráthaíochtaí agus obair leantach nach gcuireann ionaid ilfhreastail a leath ndóthain díobh ar fáil go fóill. I bhfianaise aibíocht reatha an mhargaidh a mhéid a bhaineann le hathchóiriú fuinnimh, tá sé ríthábhachtach cáilíocht an athchóirithe a áirithiú go comhsheasmhach. D'fhéadfadh ráthaíocht maidir le cáilíocht na hoibre a dhéantar (is é sin le rá, ráthaíocht maidir leis na hábhair agus na modhanna a úsáidtear, dá ngairtear ráthaíocht feidhmíochta fuinnimh intreach freisin), mar aon le gealltanas soiléir aon locht a bhfuil feidhmíocht fuinnimh níos ísle ná mar a bhí coinne leis mar thoradh air a cheartú, tionscadail athchóirithe níos uaillmhianaí a spreagadh go mór. San earnáil chónaithe phríobháideach, ba cheart coincheap na cáilíochta a leathnú fiú chun cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear a chumhdach, ón teagmháil tosaigh go seirbhísí iardhíola. D'fhéadfaí a áireamh leis sin faireachán tar éis na hoibre, comhairle agus moltaí a thairiscint d'úinéirí tí maidir le húsáid chuí an trealaimh shuiteáilte, agus treoir maidir leis an gcoigilteas billí fuinnimh a bhfuil coinne leis a bhaint amach.

Agus IIF á fhorbairt, ní thosaíonn aon duine as an nua ar fad. Le linn an 'turais custaiméara' ar a dtugtar tuairisc, tairgeann roinnt mhaith gairmithe — lena n-áirítear lucht ceirde agus suiteálaithe, iniúchóirí fuinnimh, ailtirí, bróicéirí, cuideachtaí fóntais, bainc mhiondíola agus gníomhaireachtaí fuinnimh — seirbhísí atá nasctha le hathchóiriú ar fáil d'úinéirí foirgneamh cheana féin. Ní hé an easpa rannpháirtithe is cúis le glacadh íseal an athchóirithe dhomhain, ach an **easpa comhordaithe agus na leasanna éagsúla atá acu a chuireann cosc ar fhreagairt iomlánaíoch ar riachtanais úinéirí foirgneamh**.

**Dá bhrí sin, ní gá gurb é is cuspóir do chur chuige IIF gníomhaithe nua a thabhairt isteach ach na naisc atá in easnamh idir tairiscintí ilroinnte margaidh a chruthú agus a neartú**, agus ar an gcaoi sin dlús a chur le claochlú na gcleachtas atá ann cheana i dtreo athchóiriú domhain.

### 3.3. Samhail 'chomhairle': díriú ar fhaisnéis a sholáthar

Is féidir samhail 'chomhairle' a thabhairt ar an gcéad samhail de IIF. Agus é dírithe ar an gcuid réamhtheachtach de thuras an chustaiméara, is é is aidhm don chur chuige sin a bheith inrochtana agus nascadh le pobal mór, lena gcuirtear treoir leathan ar fáil gan leithdháileadh fairsing acmhainní. Trí fhaisnéis a scaipeadh go forleathan, féachann sé freisin le noirm shóisialta nua a leagan síos agus aistriú cultúrtha i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh.

Is iondúil go n-áirítear sna seirbhísí measúnú tosaigh ar fheidhmíocht fuinnimh an tí agus comhairle ghinearálta maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh gan mionsonraí sonracha an tionscadail a mhionscrúdú. Cé gur moltaí cineálacha iad, tá na moltaí a chuirtear ar fáil praiticiúil agus is féidir gníomhú ina leith. Cé go bhfuil úinéirí tí fós freagrach go hiomlán as cinntí tionscadail agus as roghnú conraitheoirí, d'fhéadfaí cabhair a chur ar fáil chun rochtain a fháil ar chonraitheoirí cáilithe. Is minic a áirítear sna seirbhísí freisin comhairle maoinithe atá saincheaptha don infheistíocht atá beartaithe, lena n-áirítear maidir le fóirdheontais atá ann cheana agus conas rochtain a fháil orthu.

Mar sin féin, tá roinnt teorainneacha ag baint leis an tsamhail chomhairle. Tá easpa sainiúlachta ann, toisc nach gcuireann sé pleananna tionscadail mionsonraithe ná comhordú conraitheora ar fáil, rud a d'fhéadfadh a bheith criticiúil d'úinéirí tí atá ag tabhairt faoi athchóirithe casta. De ghnáth, ní ghlacann an tsamhail seo dliteanas gairmiúil as torthaí athchóirithe, rud a thairgeann níos lú ráthaíochtaí d'úinéirí tí. D'fhéadfadh sé nach bhfreastalódh sé ar riachtanais uile an úinéara tí, go háirithe na riachtanais sin a dteastaíonn bainistíocht chuimsitheach tionscadail ina leith. Maidir le maoiniú, dírítear ar an infheistíocht féin seachas ar phróifíl shonrach an infheisteora, go háirithe ós rud é gur gairm rialaithe é comhairle airgeadais a sholáthar. Fágann na teorainneacha sin nach bhfuil na seirbhísí sin chomh tarraingteach céanna d'úinéirí tí, arb iad na céimeanna is dúshlánaí dóibh de ghnáth an tionscadal athchóirithe fuinnimh a dhearadh agus na cuideachtaí tógála a roghnú.

**SAMPLA DE HAUSKUNFT (AN OSTAIR)**

Le tacaíocht ón gclár Fís 2020, sheol cathair Vín a IIF chun dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh cónaithe príobháideach ag deireadh 2020.

Agus é ag feidhmiú faoin ainm HAUSKUNFT, faigheann sé tacaíocht oibríochtúil agus airgeadais ón gcathair. Cuireann sé comhairliúcháin saor in aisce ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha agus foirgneamh árasán trí ghlaonna teileafóin, cruinnithe fíorúla nó seisiúin ar an láthair, agus cuidíonn sé leo a dtionscadal athchóirithe a phleanáil. Baineann

an tseirbhís le hailtirí, pleanálaithe agus bainisteoirí maoine a bhfuil treoir á lorg acu.

Díríonn HAUSKUNFT go príomha ar chéimeanna tosaigh an phróisis athchóirithe, agus cuireann sé treoir ar fáil maidir le coincheapa ardcháilíochta a fhorbairt. Cé go ndearna IIF iniúchadh agus tástáil ar sheirbhísí breise a bhaineann le maoiniú agus tacaíocht fheabhsaithe d'úinéirí tí, níl siad sin mar chuid dá thairiscint chaighdeánach go fóill.

Chun na seirbhísí sin a chomhlánú, coinníonn an t-ardán ardcháilíochta le haghaidh comhpháirtithe athchóirithe (Qualitätsplattform Sanierungspartner) eolaire de phleanálaithe grinnfhiosraithe, lucht ceirde agus cuideachtaí tógála ar bun atá tiomanta d'athchóiriú foirgneamh ar ardchaighdeán. Ag obair i gcomhar le HAUSKUNFT, nascann an t-ardán úinéirí réadmhaoine agus speisialtóirí athchóirithe cáilithe.

Féach: https://www.hauskunft-wien.at/

Is cosúil go gcuireann roinnt mhaith IIF atá ag obair san Aontas faoi láthair teorainn leis an tsamhail chomhairle sin, rud a d'fhéadfadh eascairt as míthuiscint a d'fhéadfadh a bheith ann ar na rialacháin maidir le hiomaíocht agus státchabhair. Is minic a bhíonn IIF a chistítear go poiblí mar thoradh ar an gcur chuige sriantach sin, rud a sheachnaíonn an méid a mheasann siad a bheith i gceist le gníomhaíochtaí margaidh — amhail sonraíocht dearaidh, roghnú conraitheoirí agus maoirseacht tógála — cé go gceadaítear rannpháirtíocht den sórt sin sa mhargadh le rialacháin. Féadfaidh eintitis phoiblí a bheith rannpháirteach i margaí eacnamaíocha príobháideacha, ar choinníoll nach sáraíonn siad rialacha áirithe a leagtar síos sna Conarthaí. Go deimhin, ní dhíríonn na rialacha maidir le Státchabhair ar an gcineál oibreora ach ar chineál na seirbhísí a sholáthraítear agus ar na coinníollacha sonracha faoina soláthraítear na seirbhísí sin. Thairis sin, le hathmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) agus le hathmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), ní fhorchuirtear srianta ar an gcaoi ar cheart seirbhísí IIF a struchtúrú ná ar na cineálacha eagraíochtaí ba cheart a bheith á soláthar, fad a sholáthraíonn siad 'comhairle neamhspleách' (Airteagal 18(3) d'athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275)). Leis an gcreat rialála sin, ceadaítear d'eintitis phoiblí agus d'eintitis a chistítear go poiblí tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil le linn na gcéimeanna deartha agus cur chun feidhme araon, mar a leagtar amach i ranna 3.4 agus 3.5.

### 3.4. Samhail 'tacaíochta': lena ndírítear ar chabhrú le teaghlaigh

Chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha na samhla a bhí ann roimhe seo, is féidir le IIF ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh trí **thacú go hoibríochtúil le húinéirí tí ina dtionscadail athchóirithe fuinnimh.** Is iondúil go n-áireofaí an méid seo a leanas ar na seirbhísí sa chur chuige sin:

- iniúchtaí mionsonraithe fuinnimh ar an láthair a dhéanamh chun anailís a dhéanamh ar an gcás sonrach agus chun coigilteas a d'fhéadfadh a bheith ann a chinneadh;
- na hoibreacha atá le déanamh a shainiú go mion, lena n-áirítear ceanglais shonracha (mar shampla, maidir le droichid theirmeacha) agus a bheith cinnte go gcomhlíonann na sonraíochtaí sin na ceanglais deontais (mar shampla, leibhéil friotaíochta teirmí, cáilíocht na dtógálaithe, etc.);
- tacú le húinéirí tí conraitheoirí a roghnú, agus praghsanna a chaibidliú ar deireadh;

- maoirseacht a dhéanamh ar an láthair oibre agus próisis dearbhaithe cáilíochta a fhorfheidhmiú.

Is féidir breathnú ar an tsamhail sin mar shainordú ailtire leathnaithe, lena gcumhdaítear beagnach turas iomlán an chustaiméara. Is léir go gciallaíonn sé gníomhaíochtaí margaidh a dhéanamh agus dliteanas gairmiúil a thabhú as an tacaíocht a chuirtear ar fáil, rud atá ina chéim mhór chun cinn agus ina **phointe iompaithe idir comhairle agus samhail tacaíochta**. Is féidir an t-aistriú ó shamhail amháin go samhail eile a chur ar bhonn foirmiúil trí íocaíocht as na seirbhísí a sholáthraítear, conradh seirbhíse idir an IIF agus an t-úinéir tí, nó cuairt fhisiciúil chun an t-iniúchadh a dhéanamh, i measc nithe eile.

**Sampla de OpenGela (an Spáinn)**

Is seirbhís IIF é OpenGela i dTír na mBascach (an Spáinn) a chuireann rialtas na mBascach chun cinn chun athghiniúint uirbeach a chothú. I gcroílár na seirbhíse tá oifigí comharsanachta lena láraítear na nósanna imeachta agus na cúraimí riaracháin uile a bhaineann le hathchóiriú comhtháite foirgneamh árasán: idir pháipéarachas riaracháin agus a bheith ag déileáil le conraitheoirí seirbhísí fuinnimh agus tacaíocht airgeadais a sholáthar. Trí dhíriú ar athchóiriú comharsanachta, is féidir ardleibhéal rannpháirtíochta a bhaint amach sa phobal áitiúil agus cuidítear le hiontaoibh a chothú agus cónaitheoirí áitiúla a chumhachtú, ní hamháin trí athchóiriú fuinnimh a éascú ach freisin trí cháilíocht saoil a fheabhsú (inrochtaineacht, sábháilteacht ó dhóiteán, inbhuanaitheacht).

Arna mhaoiniú ag clár Fís 2020 an Aontais (HIROS4All), cuireadh tús leis an IIF ar bhonn píolótach in dhá chomharsanacht leochaileacha: Otxarkoaga (Bilbao) agus Txonta (Eibar) agus d'éirigh leo 460 teaghais a athchóiriú. Tá an cur chuige curtha i bhfeidhm anois i naoi n-oifig chomharsanachta eile ar fud thír na mBascach, chun seirbhísí athchóirithe a thairiscint do 4 800 áitritheoir le tionscadal suaitheanta nua a bunaíodh in Torre Urizar. Tá samhail uasghrádaithe IIF, lena ndéantar mionchoigeartú ar phleanáil athchóirithe trí phasanna athchóirithe foirgneamh, á tástáil a bhuí le clár LIFE an Aontais um aistriú chuig fuinneamh glan (BIRTUOSS). Meastar go spreagfaidh an tionscadal infheistíocht ar fiú EUR 120 milliún í, lena n-áirítear EUR 40 milliún le haghaidh athchóiriú feidhmíochta fuinnimh.

Féach: https://opengela.eus/en

Sa tsamhail sin, **ní neodracht a chuirtear chun cinn ach neamhspleáchas**: ba cheart é a bheith soiléir d'úinéirí tí go n-oibríonn IIF chun a leasa agus ní chun leasa tríú páirtí. Beidh dlúthbhaint ag an neamhspleáchas sin leis na caidrimh chonarthacha agus leis na foinsí luacha saothair le haghaidh an IIF, a mhínítear i roinn 3.5 thíos. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-áirítear sa tsamhail tacaíochta ach maoirseacht ar an obair agus ní soláthar na hoibre féin, obair nach mór a chur amach ar conradh do ghairmithe tógála fós. Ina theannta sin, tá an cur chuige sin i bhfad níos déine ó thaobh saothair de ná samhail chomhairle agus is iondúil go n-éilítear leis fóirdheontas poiblí a bheith inbhuanaithe.

### 3.5. Samhail 'cur chun feidhme': seirbhísí agus obair thógála a sholáthar

Sa tríú samhail de IIF, ar féidir an tsamhail 'cur chun feidhme' a thabhairt uirthi, ní hamháin go ndearann an IIF an obair athchóirithe ach déanann sé í a chur i gcrích freisin. Sa chás sin, féadfaidh an IIF cuid den obair a dhéanamh é féin agus/nó cuideachtaí tógála a fhruiliú agus a

rogha a fhorchur ar an úinéir tí. D'fhéadfadh an caidreamh IIF le cuideachtaí tógála a bheith i bhfoirmeacha éagsúla (fochonraitheoir nó comhchonraitheoir, le dliteanas comhpháirteach nó ar leithligh), trí chreatchonarthaí b'fhéidir.

**Is ionann obair thógála a chomhtháthú laistigh de na seirbhísí a thairgeann an IIF agus an dara céim agus léiríonn sé an pointe iompaithe idir samhail 'tacaíochta' agus samhail 'cur chun feidhme'.** Sa chás sin, ní chun leasa an úinéara tí amháin a oibríonn an IIF a thuilleadh ach saothraíonn sé a leasanna eacnamaíocha nó eagraíochtúla féin freisin maidir leis an obair a sholáthar. Ní chiallaíonn sé sin go bunúsach nach bhfuil an chomhairle a sholáthraítear go réamhtheachtach chomh luachmhar céanna, ach d'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar imní maidir le neamhchlaontacht na comhairle sin. Gné dhearfach is ea go bhféadfadh an IIF comhairliúcháin tosaigh níos inacmhainne a thairiscint, ós rud é gur féidir leis tairbhe a bhaint as an obair thógála. Sna cásanna sin ina dtacaíonn dreasachtaí poiblí leis an gcineál sin samhla IIF, beidh ar údaráis phoiblí na rialacha is gá a leagan síos chun a áirithiú go gcuirfidh an IIF a dtacaítear leis leas na n-úinéirí tí san áireamh, agus glacadh athchóirithe fuinnimh agus a leasanna eacnamaíocha féin á gcur chun cinn an tráth céanna.

### 3.6. 'Réitigh mhaoiniúcháin' a chomhcheangal leis na samhlacha a bhí ann roimhe seo

Sa tíopeolaíocht a chuirtear i láthair sa mhéid thuas, ní mheasfar gur gné neamhspleách é an t-airgeadas, ach gur seirbhís bhreise é sa bhreis ar cheann amháin de na trí shamhail a chuirtear i láthair sna ranna roimhe seo. Is féidir le IIF seirbhísí éagsúla a sholáthar chun tacú le húinéirí tí athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh a mhaoiniú, rud a d'fhéadfadh a bheith i gcomhcheangal le chéile.

**Tacaíocht chun rochtain a fháil ar dheontais phoiblí:** is féidir leis an IIF cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le deontais éagsúla a chomhcheangal agus comhlíontacht tionscadail le ceanglais deontais a áirithiú. D'fhéadfadh sé cabhrú freisin le húinéirí tí a n-iarratais ar dheontas a ullmhú.

**Réamh-mhaoiniú deontas poiblí:** cé go gcuireann deontais phoiblí feabhas ar bhrabúsacht na hinfheistíochta, is iondúil go bhfaightear iad tar éis an obair a chur i gcrích, rud a éilíonn ar úinéirí tí an tionscadal iomlán a mhaoiniú roimh ré. Féadfaidh an IIF iasachtaí gearrthéarmacha a thairiscint chun an bhearna sin a dhúnadh, rud a mhaolóidh rioscaí trí chomhlíonadh na gceanglas deontais a áirithiú le linn chéim an deartha. D'fhéadfaí sainorduithe seachaíochta tiomnaithe a úsáid freisin chun ligean don IIF cuid de na deontais a aisghabháil thar ceann an úinéara tí mar aisíocaíochtaí ar na hiasachtaí réamh-mhaoinithe gearrthéarmacha a fhaigheann an IIF.

**Sampla de C-REAL (an Bheilg):**

Leis an tionscadal C-REAL, arna chistiú ag Fís 2020, cruthaíodh comhpháirtíocht mharthanach idir ONESTO, institiúid iasachtaí, agus DUBOLIMBURG, seirbhís chomhairleach athchóirithe, chun feabhas a chur ar ráta agus ar cháilíocht na n-athchóirithe foirgneamh i gcúige Limburg na Beilge. Leathnaíodh an tionscnamh trí Energy House Limburg, inar tugadh conraitheoirí agus ailtirí le chéile in IIF.

Léirigh an tionscadal roinnt léargais luachmhara d'institiúidí airgeadais. I gcás ceannaitheoirí maoine, bhí sé ríthábhachtach pleanáil athchóirithe a chomhtháthú sa phróiseas ceannaigh. Le measúnú luath ar riachtanais athchóirithe, ar chostais agus ar

uainiú barrmhaith na n-oibreacha, cumasaítear caibidlíocht éifeachtach maidir le praghsanna agus socruithe maoinithe, agus áirithítear an tráth céanna go ndéantar feabhsuithe fuinnimh a sheicheamhú i gceart le hobair athchóirithe eile. Bhí ról lárnach ag deimhnithe feidhmíochta fuinnimh freisin maidir le hobair athchóirithe a thionscnamh, go háirithe d'úinéirí réadmhaoine atá ann cheana.

Trí dhreasachtaí athchóirithe a ionchorprú i dtáirgí iasachta, neartaítear cumas na mbanc feabhsuithe feidhmíochta fuinnimh a rianú. In éineacht le pleananna athchóirithe mionsonraithe agus measúnuithe costais, cumasaíonn an cur chuige sin cinntí níos fearr maidir le bainistiú riosca agus iasachtú agus, an tráth céanna, laghdaítear neamhchosaint ar airíonna a bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh acu.

Léirigh an tionscadal go gcuireann éiceachóras comhoibríoch a thacaíonn le comhroinnt sonraí agus cúnamh do chustaiméirí feabhas suntasach ar thorthaí athchóirithe. Cuidíonn an cur chuige sin leis na páirtithe leasmhara uile cinntí níos feasaí a dhéanamh le linn an phróisis athchóirithe.

Féach: https://www.c-real.be

**Réamhcháiliú le haghaidh tairiscint maoinithe bainc miondíola**: cé go ndéanfaidh banc a anailís féin ar staid airgeadais an úinéara tí de ghnáth, is féidir leis an IIF dícheall cuí a éascú, go háirithe tríd an bhfaisnéis a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe, i gcomhaontú leis an mbanc. Is féidir leis an IIF comhpháirtíochtaí a fhorbairt le banc sonrach amháin nó níos mó agus a áitiú gur féidir leis mais chriticiúil tionscadal a thabhairt chuig an mbanc, rud a d'fhéadfadh údar a thabhairt don bhanc táirge sonrach a chur ar bun atá saincheaptha d'athchóiriú fuinnimh, oiliúint a chur ar a fhoireann ina leith, agus b'fhéidir ligean don IIF é a mhargú thar a cheann.

**Réitigh maoiniúcháin uathrialacha:** is féidir tairiscint airgeadais neamhspleách a áireamh san IIF fiú laistigh den phacáiste seirbhísí. Is é sin an **tríú céim agus 'rogha' (shubstaintiúil) is féidir a chur le gach ceann de na trí shamhail** (cé nár tugadh faoi deara í ach amháin leis na samhlacha 'tacaíochta' agus 'cur chun feidhme'). Trí mhaoiniú a chomhtháthú, déantar an IIF níos tarraingtí don úinéir tí, toisc nach mbraitheann an cinneadh chun tús a chur leis an obair a thuilleadh ar fhormheas ó thríú páirtí (an banc). Chomh maith leis sin, ós rud é go mbíonn coinne leis an iarratas ar iasacht go luath sa tionscadal, ní dhiúltaítear dó de ghnáth. Ar deireadh, i gcás inarb ann do dheontais infheistíochta, is féidir iad a chomhtháthú mar réitigh mhaoiniúcháin chumaiscthe sa tairiscint mhaoiniúcháin i bhfoirm lacáistí caipitil. Ionas go mbeidh an réiteach sin tarraingteach, ní mór an tairiscint airgeadais IIF a chur chun cinn go han-mhaith chun leibhéal iontaoibhe a chruthú atá inchomparáide le leibhéal iontaoibhe na mbanc traidisiúnta agus na n-institiúidí airgeadais. Príomhchuspóir amháin a bhaineann le maoiniú a chomhtháthú i seirbhísí IIF is ea costais tosaigh (mar shampla, iniúchtaí, staidéir) a chumasc le réitigh mhaoiniúcháin fhadtéarmacha, agus aisíocaíochtaí soláimhsithe fadtéarmacha a dhéanamh díobh in ionad iad a bheith ina mbacainní. Mar sin

féin, tá gá le creat dlíthiúil iomchuí chun tairiscint airgeadais neamhspleách a mholadh [8], ós rud é go ndéantar gníomhaíochtaí baincéireachta a rialáil go mór.

**Sampla de SERAFIN (an Fhrainc):**

Sa Fhrainc, sainmhínítear airgeadaí tríú páirtí de réir dlí mar oibreoir a chomhcheanglaíonn oibreacha feabhsaithe fuinnimh le seirbhísí maoinithe páirteacha nó iomlána. Le 10 mbliana anuas, tá tástáil déanta ar an tsamhail sin ag roinnt údaráis áitiúla (réigiúin agus ceantair uirbeacha), atá grúpáilte anois laistigh de chomhlachas SERAFIN, ar thacaigh tionscadal ORFEE de chuid Fís 2020 lena chruthú.

Leis an tionscadal, cruthaíodh ionad acmhainní le haghaidh airgeadaithe tríú páirtí. chun malartú eolais, modhanna agus saineolais a éascú. Thacaigh sé freisin le airgeadaithe tríú páirtí a chur in úsáid sa Fhrainc trí iarrachtaí forbartha a chomhordú (staidéir, nósanna imeachta, uirlisí TF, etc.). Leis an tionscadal, tugadh isteach creat comhlíontachta agus rialaithe cáilíochta, chun tacú le scéim árachais a chur chun feidhme chun obair athchóirithe a ráthú. Chuir an tionscadal feabhas freisin ar thairiscintí maoinithe airgeadaithe tríú páirtí., trína n-athmhaoiniú a áirithiú, trí chomhoibriú le bainc mhiondíola agus trí rochtain ar chistí Eorpacha amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a fheabhsú.

Táthar ag leanúint den tionscnamh sin trí 'Banc Athchóirithe Fuinnimh' a chruthú (tionscadal FIDEO-BRE, le tacaíocht airgeadais ó ADEME, gníomhaireacht rialtas na Fraince don aistriú glas). Cuirfidh an institiúid airgeadais sin iasachtaí ar fáil a mbeidh rochtain ag gach teaghlach orthu, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil rochtain theoranta acu ar mhaoiniú. Dáilfear iasachtaí trí bhainc phríobháideacha agus trí airgeadaithe tríú páirtí chun tacú le hathchóirithe fuinnimh ardcháilíochta i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta SERAFIN.

Bainfidh na bainc rannpháirteacha tairbhe as creat lena rialaítear cáilíocht, riosca agus costas. Comhlíonfaidh na hiasachtaí na critéir maidir le tacsanomaíocht ghlas ionas gur féidir iad a chomhtháthú i bpunanna bannaí glasa. Beidh airgeadaithe tríú páirtí in ann díriú ar thacaíocht theicniúil agus leanúint d'iasachtaí a dháileadh gan fás iomarcach ar an gclár comhardaithe ná costais arda phróiseála. Beifear in ann airgeadaithe tríú páirtí nua a bhunú freisin gan an t-ualach a bheith orthu iasachtaí a bhainistiú go díreach.

Faoi stiúir chomhaltaí SERAFIN, fuair an tionscnamh tacaíocht ó mhórinstitiúidí airgeadais, lena n-áirítear Procivis, Société Générale, La NEF, Crédit Mutuel, Crédit Coopératif, Crédit Logement agus BNP Paribas.

Féach: https://serafin-renov.fr

Ina theannta sin, is féidir roghanna aisíocaíochta agus feithiclí éagsúla a fhiosrú. D'fhéadfaí a mheas go maolaíonn cur chuige **maoinithe baile**, lena gceanglaítear fiachas leis an maoin


[8] Tabhair faoi deara, i gcásanna áirithe, mar shampla chun deontais phoiblí a réamh-mhaoiniú a eisíoctar *ex post* de ghnáth, go bhféadfar iasachtaí gearrthéarmacha a eisiúint gan údarú baincéireachta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad treoirlínte rialála sonracha.

seachas leis an úinéir tí, leagan teaghlach de ghealltanais airgeadais a mhaireann níos faide ná mar a cheapann siad a fhanfaidh sa teaghais [9].

### 3.7. Achoimre ar Chaibidil 3 maidir le turas an chustaiméara agus samhlacha IIF

Mar chonclúid, léirítear i bhFíor 1 thíos turas an chustaiméara agus an chaoi a bhfreastalaíonn na samhlacha éagsúla IIF ar gach céim.

Fíor 1: Achoimre ar na samhlacha a leagtar amach agus ar thuras an chustaiméara




## 4. PRÍOMHBHREITHNITHE MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ IONAID ILFHREASTAIL A BHUNÚ

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo príomhbhreithnithe agus impleachtaí eagraíochtúla agus airgeadais IIF san earnáil chónaithe phríobháideach.

### 4.1. Cuir chuige ar líne agus cuir chuige fhisiceacha a chomhcheangal

Is féidir le IIF ar líne a bheith an-tábhachtach chun feasacht a mhúscailt i measc úinéirí foirgneamh maidir leis an gcaoi a n-ídíonn siad fuinneamh, an tábhacht a bhaineann lena dtomhaltas a rialú agus na modhanna chun déanamh amhlaidh. Is féidir tionchar na comhairle a chuirtear ar fáil a mhéadú má chomhcheanglaítear í le faisnéis maidir leis an tacaíocht airgeadais atá ar fáil. Is féidir uirlisí ar líne a úsáid chun úinéirí a shainaithint agus a réamhroghnú atá réidh le tabhairt faoi nósanna imeachta casta a d'fhéadfadh a bheith costasach. Ar chostas measartha, is dócha go sroichfidh cuir chuige ar líne pobal mór agus d'fhéadfaidís ní hamháin gníomhaíochtaí láithreacha a spreagadh ach, san fhadtéarma, cuidiú le feasacht an phobail a mhéadú maidir leis na tairbhí a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh agus feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh.

[9] Moladh ón gCoimisiún maidir le hinfheistíocht phríobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil C(2026)1526.

Mar sin féin, ní leor cur chuige iomlán ar líne, go háirithe i gcásanna ina dtugtar aghaidh ar athchóirithe doimhne atá níos casta, agus nuair a chomhtháthaítear leis na seirbhísí a thairgeann an IIF roinnt seirbhísí a éilíonn measúnú tiomnaithe ar an bhfoirgneamh lena mbaineann. Gné amháin atá le cur san áireamh, sa bhreis ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil, is ea go bhfuil leibhéil éagsúla litearthachta digití ag daoine, agus go gcaillfidh fiú an uirlis ar líne is fearr sciar suntasach den daonra amach, go minic na daoine is sine agus is leochailí. Ach ar bhonn níos bunúsaí, ní dócha go ndéanfaidh teaghlach móroibreacha athchóirithe ina dteach féin, ar chostas suntasach, mura raibh iliomad idirghníomhaíochtaí pearsanta acu ar dtús le hionadaithe IIF, ina sonraítear na hoibreacha atá beartaithe, agus ina soláthraítear treoracha mionsonraithe nó treoir mhionsonraithe maidir leis an méid is gá a dhéanamh le linn an tionscadail.

Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh iontaoibh iomlán ag úinéir an fhoirgnimh as an ardán a chuireann an fhaisnéis ar fáil nó d’fhéadfadh sé nach mbeadh ach tuiscint pháirteach aige ar na tairbhí a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh. Tógann sé am agus idirphlé teicniúil iontaoibh a chothú agus aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha imní na n-úinéirí tí, rud nach dócha a bhainfear amach le réiteach ar líne ina aonar.

D’eagraigh an Coimisiún Eorpach Painéal Saoránach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh go luath in 2024, ina raibh 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó Bhallstáit uile an Aontais. Ghlac an Painéal 13 mholadh deiridh, agus cuireadh i dtábhacht i Moladh 1 an gá atá le faisnéis inrochtana chun teaghlaigh agus eagraíochtaí a chumhachtú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú [10]. Cé gur aithin an Painéal luach na n-uirlisí ar líne chun turas athchóirithe a thionscnamh, chuir sé in iúl freisin go bhfuil géarghá leis an tairiscint dhigiteach sin a chomhlánú le láithreacht fhisiciúil, amhail oifigí réigiúnacha/áitiúla nó cuairteanna ar an láthair.

### 4.2. Cumhdach geografach

Leagtar síos le hAirteagal 18(1) d’athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) go bhfuil na Ballstáit le IIF a chur ar bun agus a oibriú ar fud a gcríoch faoi mhí na Bealtaine 2026 i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de chúig chritéar ‘gheografacha’, agus é mar aidhm leis cumhdach geografach agus rochtain leathan ar sheirbhísí IIF a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, chuir an Painéal Saoránach Eorpach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh IIF inrochtana do gach saoránach, lena n-áirítear iad siúd i gceantair thuaithe nó iargúlta agus iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe [11].

Chun faisnéis a fháil maidir le critéir chumhdaigh gheografaigh Airteagal 18(1) d’athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275), ba cheart do na Ballstáit agus do ghníomhaithe ábhartha margaidh dul i gcomhairle le hIarscríbhinn II [12] a ghabhann leis an bhFógra ón

---

10 An Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, 2024, Moltaí deiridh.

11 ‘Molaimid go mbeadh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí níos inrochtana, níos trédhearcaí agus níos inúsáidte, chun teaghlaigh agus eagraíochtaí a chumhachtú le bheith níos fuinneamhéifeachtúla. Dá bhrí sin, molaimid an méid seo a leanas: líonra d’ionaid ilfhreastail fhisiceacha ar an leibhéal bardasach (hallaí cathrach, leabharlanna) ina bhfuil saineolaithe neamhspleácha ar fáil chun obair leantach a dhéanamh. Níor cheart leis an líonra idirdhealú a dhéanamh idir ceantair thuaithe/uirbeacha, agus grúpaí sóisialta. Leis an ionad ilfhreastail ba cheart comhairle a sholáthar maidir le gnéithe reachtacha, airgeadais, teicniúla agus soláthraithe seirbhíse áitiúla. Iarrtar ar ghníomhaithe áitiúla feasacht ar an tseirbhís a scaipeadh.’ An Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, 2024, Moltaí deiridh.

12 Iarscríbhinn II ‘Dreasachtaí airgeadais, scileanna agus bacainní margaidh (Airteagal 17) agus ‘Ionaid ilfhreastail le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh’ (Airteagal 18) a ghabhann leis an bhFógra ón

gCoimisiún lena dtugtar treoir maidir le Treoir (AE) 2024/1275 ('Dreasachtaí airgeadais, scileanna agus bacainní margaidh' (Airteagal 17) agus 'Ionaid ilfhreastail le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh' (Airteagal 18)), lena soláthraítear moltaí chun a áirithiú go gcuirfear IIF in úsáid go héifeachtach ar fud na gcríoch náisiúnta.

### 4.3. Cuir chuige chun iontaoibh úinéirí tí a dhaingniú

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh úinéirí tí sásta le torthaí na n-athchóirithe agus dearbhú cáilíochta a sholáthar chun muinín a chothú.

Tá sé ríthábhachtach cuntasacht a bhunú chun iontaoibh a chothú i seirbhísí tacaíochta athchóirithe. Ba cheart tús áite a thabhairt don trédhearcacht. Dá bhrí sin, ba cheart do IIF doiciméadacht a sholáthar maidir le próisis, ach freisin maidir le costais, tairbhí agus rioscaí na n-idirghabhálacha molta. Trí aiseolas ó chustaiméirí a bhailiú agus a chomhroinnt go poiblí, d'fhéadfaí inchreidteacht a fheabhsú tuilleadh trí chruthúnas ar sheirbhísí ardcháilíochta a thairiscint do chliaint ionchasacha.

Tá sé ríthábhachtach freisin ardchaighdeáin cáilíochta oibre a choinneáil ar bun, go háirithe nuair a bhíonn conraitheoirí nó fochonraitheoirí iomadúla i gceist. Féadfaidh IIF creataí cáilíochta seanbhunaithe a leanúint, agus creidiúnú a lorg ó chomhlachtaí creidiúnacha, b'fhéidir. D'fhéadfadh nósanna imeachta caighdeánaithe, ceanglais deimhniúcháin agus faireachán córasach ar cháilíocht a bheith san áireamh sna creataí sin. Trí bharántaí láidre a bhfuil scéimeanna árachais cáilíochta mar thaca leo a thairiscint, go háirithe nuair a chomhtháthaítear iad le roghanna maoiniúcháin, is féidir slándáil níos fearr a sholáthar d'úinéirí tí. Is féidir le IIF iontaoibh a mhéadú tuilleadh trí nósanna imeachta deimhniúcháin a chur chun feidhme chun iontaofacht agus cáilíocht an chonraitheora a áirithiú.

Is féidir le creat dliteanais soiléir agus beartais cosanta tomhaltóirí na páirtithe uile a chosaint trí fhreagrachtaí a leagan amach maidir le haghaidh a thabhairt ar lochtanna agus nósanna imeachta simplí um réiteach díospóidí a bhunú. Ba cheart níos mó a bheith i gceist le cosaint tomhaltóirí ná dearbhú cáilíochta chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais mhargaíochta mhíthreoracha. D'fhéadfaí a áireamh ar na príomhchoimircí bealaí inrochtana chun ábhair imní a chur in iúl. Cé gur cheart dlíthíocht fhoirmiúil a bheith ar fáil i gcásanna tromchúiseacha, ba cheart tosaíocht a thabhairt do shásraí malartacha um réiteach díospóidí chun bainistiú éifeachtúil coinbhleachta a áirithiú.

### 4.4. Gníomhaíochtaí tiomnaithe do theaghlaigh leochaileacha

Tá tábhacht ar leith ag baint le beartais cosanta tomhaltóirí do theaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal, daoine scothaosta agus daoine aonair a bhfuil riochtaí sláinte orthu. Is minic a bhíonn deacrachtaí méadaithe ag na grúpaí sin dul i ngleic le próisis athchóirithe chasta, sonraí teicniúla a bhainistiú nó a gcearta tomhaltóirí a dhearbhú.

D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta cosanta tiomnaithe rialacháin níos déine maidir le praghsáil chóir, cúnamh airgeadais saincheaptha agus maoirseacht níos fearr ar chonraitheoirí athchóirithe. Féadfar a áireamh ar bhearta sonracha comhairleoirí tiomnaithe chun treoir a thabhairt d'úinéirí tí leochaileacha, téarmaí conarthacha trédhearcacha, agus ráthaíochtaí le taca rialtais chun rioscaí airgeadais a íoslaghdú.

---

gCoimisiún a fhormheas lena dtugtar treoir maidir le forálacha nua nó forálacha atá modhnaithe go substaintiúil den Treoir athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (AE) 2024/1275, C(2025) 6438, 18.12.2025. Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/6438/oj.

Tá sé ríthábhachtach gairmithe a bhfuil scileanna sóisialta acu a bheith rannpháirteach chun teagmháil a dhéanamh le codanna imeallaithe den daonra agus chun tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil. Is féidir le feachtais feasachta agus uirlisí cinnteoireachta tiomnaithe, amhail ardáin féinmheasúnaithe ar líne, tacú le roghanna eolasacha. Is féidir le hiarrachtaí for-rochtana spriocdhírithe an bhearna iontaoibhe agus faisnéise a dhúnadh, ar bearna í a dhíspreagann daoine leochaileacha go minic ó chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh a ghlacadh. Is féidir le IIF feasacht na dteaghlach atá bocht ó thaobh fuinnimh de a mhúscailt maidir le bearta simplí ar chostas íseal chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun billí a laghdú. Trí dhul i dteagmháil le pobail áitiúla trí imeachtaí, tionscnaimh chomharsanachta, cuairteanna ó dhoras go doras agus taispeántais phoiblí d'athchóirithe rathúla, is féidir muinín a chothú.

**Tionscadal STEP (Réitigh chun Dul i nGleic leis an mBochtaineacht Fuinnimh):**

Le tionscadal STEP, arna chistiú ag Fís 2020, forbraíodh samhail shimplí, nuálach agus inmhacasamhlaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí athrú iompraíochta agus réitigh éifeachtúlachta fuinnimh ar chostas íseal a chur chun cinn trí chomhairle shaincheaptha.

Is maith is féidir le IIF atá ag oibriú ar an leibhéal áitiúil tacaíocht neamhspleách a sholáthar atá saincheaptha do riachtanais agus srianta sonracha teaghlach, go háirithe riachtanais agus srianta airgeadais. Trí theaghlaigh leochaileacha a nascadh le roghanna tacaíochta airgeadais atá ann cheana, is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an IIF chun réitigh fuinnimh inbhuanaithe a dhéanamh níos inrochtana. Féadfar a áireamh ar na sásraí airgeadais sin, mar shampla, fóirdheontais spriocdhírithe, scéimeanna 'íoc-mar-a-shábháiltear' nó iasachtaí fadtéarmacha lena mbaineann rátaí úis ísle nó nialasacha.

Leagadh béim i dtionscadal STEP ar roinnt léargas criticiúil chun IIF a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar theaghlaigh leochaileacha. Gné ríthábhachtach ab ea scileanna oibrithe túslíne a fhorbairt, amhail oibrithe sóisialta agus sláinte, trí chlár oiliúna modúlach, lena n-áirithítear treoir éifeachtach do thomhaltóirí. Cuireadh i dtábhacht sa tionscadal freisin ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí tomhaltóirí, le pobail áitiúla agus le grúpaí túslíne chun teagmháil a dhéanamh leo siúd is mó atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh.

Féach: https://www.stepenergy.eu/

Is féidir ról lárnach a bheith ag IIF maidir le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí thacaíocht a thabhairt d'úinéirí réadmhaoine agus do thionóntaí araon. Díreach mar a thacaíonn siad le gach úinéir tí, is féidir leis an IIF cabhrú le húinéirí leochaileacha go sonrach rochtain a fháil ar mhaoiniú trí fhóirdheontais phoiblí thiomnaithe agus scéimeanna airgeadais saincheaptha a úsáid, chomh maith lena dtreorú trí iarratais ar iasachtaí le bainc áitiúla. D'fhéadfadh tionóntaí, nach mbíonn tionchar acu go minic ar chinntí athchóirithe, tairbhe a bhaint freisin as IIF a bheith ag gníomhú mar idirghabhálaithe, ag spreagadh úinéirí réadmhaoine (agus ag cuidiú leo) athchóirithe a dhéanamh.

Le Moladh (AE) 2023/2407 ón gCoimisiún[13] agus leis an treoirdhoiciméad a ghabhann leis[14], tugtar léargas ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh agus leagtar amach réitigh choincréiteacha. Ach na moltaí sin a leanúint, is féidir leis an IIF a bheith ina phríomhchumasóirí chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain ag teaghlaigh leochaileacha ar réitigh phraiticiúla chostéifeachtacha.

### 4.5. Sonraíochtaí na 'gcomhghrúpaí athchóirithe faoi stiúir na saoránach'

Is coincheap atá ag teacht chun cinn é **an t-athchóiriú faoi stiúir saoránach (CLR)** ina gcuirtear saoránaigh ar thús cadhnaíochta go gníomhach sna hiarrachtaí athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh. Cé go bhfuil formhór na ngníomhaíochtaí poiblí chun tacú le hathchóiriú san earnáil chónaithe (mar shampla, cláir athnuachana uirbí, feachtais múscailte feasachta, IIF, etc.) ag lorg ionchur agus rannpháirtíocht na saoránach cheana féin, tá CLRanna éagsúil sa mhéid is go bhfuil siad á dtiomáint ag na saoránaigh féin, a thagann chun cinn mar **thionscnaimh ón mbun aníos faoi stiúir chomhpháirtithe na saoránach**.

Is é an rud a idirdhealaíonn CLRanna ó iarrachtaí athchóirithe eile a bhaineann le daoine éagsúla (amhail tionscadail chomhthiarnais) ná a dtiomantas do chur chuige inbhuanaithe a théann níos faide ná cúpla tionscadal aonair. Seasann CLRanna leo féin trí eintiteas dlíthiúil, pobal fuinnimh [15] nó a choibhéis a chruthú [16], chun tiomantas agus athléimneacht fhadtéarmach a áirithiú. Cuireann struchtúir fhoirmiúla den sórt sin le prionsabail na rannpháirtíochta oscailte deonaí agus an rialaithe éifeachtaigh sa rialachas, agus eagrú agus fothú acmhainneachta na saoránach á gcothú an tráth céanna. Tugtar coincheap an scála agus an tionchair le tuiscint sna cuir chuige sin, i gcás ina bhfuil coinne leis go gcuachfar athchóiriú roinnt foirgneamh le chéile in iarracht chomhpháirteach, mar shampla, ar leibhéal na sráide nó an cheantair/na comharsanachta.

Laistigh d'éiceachóras struchtúr comhleanúnach agus comhlántach, **féadfaidh CLRanna feidhmiú mar IIF comhlántach**, rud a dhúnfaidh go héifeachtach an bhearna idir gnáth-idirghabhálacha poiblí agus cineálacha cur chuige príobháideacha atá dírithe ar bhrabús.

---

13 Moladh (AE) 2023/2407 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bochtaineacht fuinnimh, C/2023/4080, IO L, 2023/2407, 23.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/2407/oj.

14 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Treoir ón Aontas maidir le bochtaineacht fuinnimh (a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh (C/2023/4080), SWD(2003)647, 20.10.2023.

15 Tá dhá shainmhíniú ar phobail fuinnimh i reachtaíocht an Aontais. Sainmhínítear 'pobail fuinnimh in-athnuaite' i dTreoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj) agus sainmhínítear 'Pobail Fuinnimh Saoránach' i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj). Tá an dá cheann fós solúbtha maidir leis an gcineál foirmeacha dlíthiúla is féidir le pobail a ghlacadh (mar shampla, comhlachais, comharchumainn, etc.). Seachas an fhoirm dhlíthiúil a bheith ann, áirítear leis na sainmhínithe sin critéir maidir le ballraíocht, uathriail, oscailteacht, cuspóir agus rialú éifeachtach.

16 I dtíortha nach bhfuil coincheap na bpobal fuinnimh trasuite go hiomlán fós sa reachtaíocht náisiúnta, is féidir eintiteas a chomhlíonann na critéir mar a leagtar amach i dtreoracha ábhartha an Aontais a mheas mar 'eintiteas comhchoiteann athchóirithe faoi stiúir na saoránach'.

**Sampla de Alex Energie in Rotterdam (an Ísiltír):**

Mar chuid de thionscadal Fís 2020 'Sábháil na Tithe', reáchtáil cathair Rotterdam tionscnamh IIF ar bhonn píolótach i gceantar Prins Alexander. Lean a IIF cur chuige ón mbun aníos, ag cur i dtábhacht rannpháirtíocht na saoránach agus comharchumainn fuinnimh áitiúla. Faigheann úinéirí tí seirbhísí trí chomhar straitéiseach idir cathair Rotterdam, Alex Energie (pobal fuinnimh ina bhfuil comhaltaí ó Prins Alexander) agus HOOM (comharchumann fuinnimh a thacaíonn le pobail fuinnimh). Téann Alex Energie i dteagmháil go gníomhach le cónaitheoirí trí mheithleacha áitiúla a bhunú, scanadh fuinnimh a dhéanamh, pleananna fuinnimh a fhorbairt agus ceannacháin chomhchoiteanna a eagrú. Cuireann sé úinéirí tí ar an eolas freisin faoi dheiseanna cistiúcháin le haghaidh athchóirithe fuinnimh. Cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil ansin ar ardán ar líne na cathrach, áit ar féidir le húinéirí tí rochtain a fháil ar fhaisnéis athchóirithe, iarratas a dhéanamh ar dheontais, doiciméid a uaslódáil agus tacaíocht teileafóin a iarraidh.

Tá an chathair dírithe ar thacaíocht chúloifige a chur ar fáil do chomharchumainn fuinnimh. Tar éis an tionscadail phíolótaigh sin, tá sé beartaithe ag an gcathair an tionscnamh a leathnú ar fud Rotterdam, pobail áitiúla a chothú agus malartú réiteach agus dea-chleachtas a spreagadh. Dhírigh an bardas ar dtús ar insliú dín, agus bhí gnólachtaí áitiúla páirteach ann freisin, roinnt mhaith acu a bhí ina saoroibrithe, chun an obair a dhéanamh. Áiríodh ann d'aon turas cuideachtaí printíseachta chun tacú le gnólachtaí nua agus chun mic léinn a chur faoi oiliúint.

Soláthraíodh tacaíocht airgeadais trí iasachtaí ón gCiste um Aistriú Fuinnimh (Energietransitiefonds), arna ndáileadh ag Bardas Rotterdam agus arna mbainistiú ag Ciste Dreasachta Tithíochta Bhardais na hÍsiltíre (Stimuleringsfonds Volkshuisvesting Nederlandse Gemeenten). Tá na hiasachtaí sin ar fáil d'úinéirí tí agus do chomhlachais chomhthiarnais araon.

Léiríonn luath-thaithí phíolótach roinnt príomhbhuntáistí a bhaineann le cuir chuige CLR [17]. Tá sé d'acmhainn acu **iontaoibh** a chothú laistigh de phobail áitiúla trí rannpháirtíocht idir piaraí a chur chun cinn agus trí líonraí sóisialta a neartú, rud a spreagann rannpháirtíocht fhorleathan. Cé go bhféadfaí dul chun cinn níos moille a dhéanamh ar dtús i gcás CLRanna ná mar a dhéanfaí i gcás iarrachtaí athchóirithe aonair, tá sé d'acmhainn acu fás easpónantúil a bhaint amach (**'éifeacht charnach**'), agus leathnú ó fhoirgnimh aonair go comharsanachtaí iomlána. Mar gheall ar a **solúbthacht**, is féidir leo deiseanna tráchtála a fhiosrú go hiomlán, ar deiseanna iad nach mbeadh fonn chomh mór céanna ar IIF poiblí iad a shaothrú. D'fhéadfadh **buntáistí costais** móra a bheith ag baint le CLRanna freisin thar thionscadail aonair trí ranníocaíochtaí deonacha, barainneachtaí scála, ceannach comhchoiteann agus dearaí caighdeánaithe. Trí **acmhainní a chomhthiomsú**, is féidir le rannpháirtithe borradh a chur faoin mbonn scileanna foriomlán freisin, rud a fheabhsaíonn an mhaoirseacht a dhéantar ar sholáthraithe seirbhíse go háirithe. Murab ionann agus tionscnaimh ghearrthéarmacha, is é is aidhm do CLRanna **éifeachtaí struchtúracha agus fadtéarmacha a chruthú** trí eintitis dhlíthiúla a bhunú seachas a bheith ag brath ar iarrachtaí aonair amháin.

[17] A mhéid a bhaineann le gníomhaíocht an Choimisiúin lena dtacaítear le tionscadail athchóirithe faoi stiúir na saoránach, féach: https://citizen-led-renovation.ec.europa.eu/index_en.

### 4.6. Acmhainní daonna le haghaidh IIF

Mar a thugtar le tuiscint leis an ainm, tá coinne leis go gcuirfidh ionad ilfhreastail sraith ilghnéitheach seirbhísí ar fáil chun úinéirí tí a threorú le linn a n-aistear athchóirithe fuinnimh. Ó thaobh cúrsaí teicniúla de, ba cheart do chomhairleoirí a bheith in ann iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh, réitigh fuinnimh inbhuanaithe shaincheaptha a shainaithint, dearadh tionscadail a mhionsonrú, agus comhlíonadh na gcaighdeán tógála a fhíorú [18]. De ghnáth, d'fhéadfadh níos mó a bheith i gceist leis an tacaíocht airgeadais ná fóirdheontais atá ar fáil a shainaithint chun cabhrú le húinéirí tí meastóireacht a dhéanamh ar réitigh mhaoiniúcháin iomchuí agus iad a dhaingniú [19]. D'fhéadfadh coinne a bheith leis freisin go gcuirfeadh comhairleoirí cúnamh dlí ar fáil chun cabhrú le húinéirí tí a gcearta mar thomhaltóirí a thuiscint agus a fheidhmiú, conarthaí a athbhreithniú agus dul i ngleic le ceanglais rialála. Níos tábhachtaí fós, ní mór do chomhairleoirí IIF saineolas speisialaithe a chomhcheangal le scileanna idirphearsanta láidre, chun imthosca agus srianta uathúla gach úinéara tí a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe agus cúnamh á thabhairt acu do theaghlaigh leochaileacha.

Tá rath IIF ag brath go bunúsach ar an linn tallainne cheart comhairleoirí a shainaithint agus a fhorbairt. I bhfianaise an réimse leathan scileanna is gá, tá dúshláin eagraíochtúla iomadúla ag baint le foireann a chur le chéile atá in ann seirbhísí cuimsitheacha IIF a sholáthar. Ní dócha go mbeidh an saineolas uile is gá ag duine aonair, rud a fhágann go bhfuil foirne ildisciplíneacha ríthábhachtach. Chun na foirne sin a thógáil, tá gá le cleachtais straitéiseacha earcaíochta agus chomhair chun cúlraí gairmiúla éagsúla a thabhairt le chéile. Ba cheart meas a bheith ag na cuir chuige sin ar scileanna speisialaithe inniúlachta agus idirphearsanta araon, rud a chothódh timpeallacht ina spreagtar comhroinnt eolais. Chomh maith le hearcaíocht, tá gá le cur chuige machnamhach maidir le bainistiú tallainne chun na gairmithe oilte sin a choinneáil.

D'fhéadfadh IIF deiseanna tarraingteacha gairme a chur ar fáil do ghairmithe tógála a bhfuil taithí acu agus atá ag smaoineamh ar an earnáil tógála a fhágáil. Féadfar cuir chuige chun fáilte a chur roimh na gairmithe sin a mheas chun tairbhe a bhaint as a saineolas. Trína dtionchar fóinteach a chur i dtábhacht maidir le tacaíocht a thabhairt do phobail agus an t-athrú aeráide a chomhrac, d'fhéadfadh IIF tallann nua éagsúil a mhealladh chuig earnáil na tógála freisin, go háirithe mná agus gairmithe óga. D'fhéadfadh IIF agus a dtionscnóirí comhoibriú le comhlachais san earnáil tógála, soláthraithe teicneolaíochta, gníomhaireachtaí fostaíochta, comhlachais tionscail nó institiúidí oideachais chun cláir shaincheaptha a fhorbairt ina gcomhcheanglaítear saineolas (teicniúil, airgeadais, dlíthiúil, cumarsáide, seirbhísí custaiméirí, etc.) le scileanna idirphearsanta. D'fhéadfadh na cláir sin taithí phraiticiúil a chur i dtábhacht trí intéirneachtaí nó printíseachtaí laistigh de IIF atá ann cheana. D'fhéadfadh forbairt ghairmiúil leanúnach a bheith ina cuidiú freisin chun a áirithiú go bhfanfaidh an tairiscint seirbhíse cothrom le dáta, de réir mar a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus rialacháin.

Dá réir sin, féadfaidh gairmithe tógála atá i gcomhpháirtíocht le IIF tairbhiú freisin de thacaíocht chun comhtháthú gan uaim in éiceachóras IIF agus chun seasamh lena chaighdeáin cháilíochta. Áirítear leis sin tuiscint a fháil ar chuir chuige athchóirithe chomhtháite, ar

---

18 Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé gur ghá d'ailtirí ceadúnaithe seirbhísí áirithe a sholáthar, ar gairm rialaithe í a bhfuil ceanglais dhlíthiúla shonracha agus caighdeáin ghairmiúla shonracha aici.

19 Mar an gcéanna, cé gur féidir le IIF faisnéis ghinearálta a sholáthar faoi roghanna airgeadais, ba cheart do chomhairleoirí airgeadais deimhnithe a chomhlíonann ceanglais rialála comhairle airgeadais a sholáthar de ghnáth.

phrótacail dearbhaithe cáilíochta, agus ar mhodhanna comhair éifeachtacha le IIF agus lena n-uirlisí. Tá sé fíor-riachtanach creataí comhpháirtíochta soiléire a bhunú le conraitheoirí chun caighdeáin cháilíochta, prótacail chumarsáide agus méadrachtaí feidhmíochta a shainiú. Is féidir le ceardlanna rialta agus seisiúin comhroinnte eolais cuidiú le hailíniú a choinneáil ar bun idir cuspóirí IIF agus cumais na gconraitheoirí. Féadfaidh na comhpháirtíochtaí sin díriú freisin ar chineálacha cur chuige caighdeánaithe a fhorbairt maidir le cásanna athchóirithe coiteanna, chun éifeachtúlacht agus iontaofacht a fheabhsú.

**Tionscnaimh chun an lucht saothair a chur faoi oiliúint: BUSHROSS**

Leis an tionscadal 'Building Up Skills for Home Renovation One-Stop-Shops' (BUSHROSS), arna chistiú faoi fhochlár LIFE um aistriú chuig fuinneamh glan, baintear leas as taithí ó Éirinn agus ón mBulgáir chun cláir oiliúna a fhorbairt d'fhoireann IIF sa dá thír sin, cláir a leathnófar ansin chun an Ghréig, an Pholainn, an tSlóivéin agus an Úcráin a chumhdach.

Agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais na mball foirne a bhainistíonn gnéithe dlíthiúla, teicniúla, eacnamaíocha agus sóisialta d'athchóirithe tí, cruthófar ceithre churaclam oiliúna speisialaithe leis an tionscadal: i) creat na samhla gnó le haghaidh IIF; ii) IIF a bhunú agus a reáchtáil (le leideanna praiticiúla maidir le cur chun feidhme); iii) oiliúint phróifílsonrach maidir le bearta athchóirithe fuinnimh sa bhaile; agus iv) gnéithe sóisialta (ceartas sóisialta agus cuimsitheacht, go háirithe trí dhíriú ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha). Cuirtear scileanna boga agus uirlisí digiteacha — idirghabháil agus bainistiú coinbhleachta agus oibriú le huirlisí digiteacha — san áireamh freisin.

Leis na curaclaim sin, bunaithe ar chur chuige na micridhintiúr, soláthrófar d'oiliúnaithe rathúla teastais cáilíochta gairmiúla a chomhlíonann caighdeáin Europass agus atá incháilithe i dtíortha uile an Aontais (an Forlíonadh Soghluaisteachta Europass agus an Forlíonadh Teastais Europass). Déanfar na cláir oiliúna a phíolótú trí oiliúint a chur ar 150 oiliúnóir, a mhúinfidh seisiúin oiliúna píolótaí ina mbeidh 60 gairmí i ngach ceann de na 6 thír.

Ní hamháin gur féidir ról lárnach a bheith ag IIF san aistriú fuinnimh i bhfoirgnimh, ach is féidir leo a bheith ina n-ardáin chumhachtacha freisin le haghaidh athoiliúint ghairmiúil agus deiseanna fostaíochta. D'fhéadfaidís dul i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí fostaíochta agus le hionaid ghairmoiliúna chun daoine aonair atá ag iarraidh gairmeacha a athrú a shainaithint. Is féidir le IIF cláir phrintíseachta struchtúrtha a chur ar fáil freisin lena gcomhcheanglaítear foghlaim sa seomra ranga agus oiliúint ar an láthair oibre, rud a chuireann bealach ar fáil d'athruithe gairme chun taithí phraiticiúil a fháil. Dóibh siúd atá ag filleadh ar an bhfostaíocht, is féidir le IIF socruithe solúbtha oibre agus cláir oiliúna chéimnithe a sholáthar lena bhfreastalaítear ar leibhéil éagsúla taithí agus infhaighteachta. Trí chláir mheantóireachta a bhunú, ina dtugann comhairleoirí a bhfuil taithí acu treoir do nuatheachtaithe trí thionscadail athchóirithe fuinnimh, is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt don fhorbairt ghairmiúil. Le cineál comhoibríoch IIF, ba cheart fás gairmiúil a chothú trí nochtadh do dhisciplíní éagsúla. Ba cheart don timpeallacht sin tacú go nádúrtha leis an bhfoghlaim leanúnach agus le forbairt scileanna, rud a d'fhágfadh gur rogha tharraingteach í dóibh siúd atá ag iarraidh a ngairmeacha a atógáil. Agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt an lucht saothair, is féidir le IIF cuidiú le haghaidh a thabhairt ar a riachtanais foirne féin agus ar dhúshláin fostaíochta níos leithne ina bpobail.

## 4.7. Cistiú na n-ionad ilfhreastail agus a n-inbhuanaitheacht airgeadais

Ba cheart tacú le seirbhísí IIF — agus, dá bhrí sin, cúnamh tiomnaithe gníomhach a sholáthar d'úinéirí tí mar chuid dá n-aistear athchóirithe fuinnimh — a mheas mar chuid lárnach den chreat náisiúnta maoinithe agus tacaíochta don éifeachtúlacht fuinnimh. D'fhéadfadh an tseirbhís ar mhaithe le leas an phobail a chuirtear ar fáil le roinnt samhlacha IIF agus an ról lárnach atá ag IIF maidir le feasacht a mhéadú maidir leis na tairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, agus go háirithe athchóirithe fuinnimh, cur go mór le huaillmhianta náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Dá réir sin, ba cheart an creat tacaíochta náisiúnta do sheirbhísí IIF a bheith ina dhlúthchuid de Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFAnna) agus de Phleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh (NBRPanna) na mBallstát[20].

An tráth céanna, ba cheart inbhuanaitheacht airgeadais IIF a áirithiú mar chuspóir fadtéarmach, rud a bhraitheann freisin ar an gcomhthéacs áitiúil agus cultúrtha, ar struchtúir eagraíochtúla tosaíochta agus ar shamhlacha gnó IIF. Chun bheith cobhsaí ó thaobh airgeadais de, tá sruthanna ioncaim cobhsaí agus leanúnacha de dhíth ar IIF chun tacú lena seirbhísí, bíodh sin ón mbuiséad poiblí chun aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh nó ó úinéirí tí príobháideacha a íocann as seirbhísí. Sula bhféachfar ar fhoinsí ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ann, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dtagraíonn an téarma 'ionad ilfhreastail' do stádas dlíthiúil sonrach, agus gur féidir le struchtúir eagraíochtúla éagsúla feidhmeanna IIF a dhéanamh. I measc samplaí d'eintitis a sholáthraíonn comhairle nó tacaíocht d'úinéirí tí tá foirmeacha dlíthiúla éagsúla, lena n-áirítear comhlachais, cuideachtaí príobháideacha, eintitis thionsclaíocha agus tráchtála faoi úinéireacht phoiblí, agus údaráis phoiblí áitiúla. Cruthóidh struchtúr dlíthiúil agus oibríochtúil IIF srianta agus cinnfidh sé an rochtain atá aige ar fhoinsí cistiúcháin, rud a mbeidh cinntí straitéiseacha agus beartais ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, cé go mbíonn tionchar díreach ag cineál na seirbhísí a thairgtear ar an údar le cistiú poiblí, braitheann inmharthanacht shamhail ghnó IIF ar deireadh ar leithead agus ar raon feidhme a sheirbhísí.

### *4.7.1. Fóirdheontais a úsáid chun oibríochtaí IIF a chumhdach*

I gcásanna áirithe, chun tacú le glacadh níos mó athchóirithe fuinnimh nó le hionsú cláir mhóir athchóirithe fuinnimh, is féidir seirbhísí IIF a sholáthar saor in aisce d'úinéirí tí. Go háirithe, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go minic ar feadh spriocthréimhse, cláir bhuiséid phoiblí, nó cuid shonrach den daonra. Ní mór a aithint, áfach, nach bhfuil seirbhís saor in aisce féinchothaitheach ó thaobh airgeadais de agus gur cheart í a fhóirdheonú, go díreach trí leithdháiltí buiséadacha nó go hindíreach trí ranníocaíochtaí éigeantacha ón earnáil phríobháideach. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh sruth leanúnach maoinithe ag IIF chun go mbeifear in ann tacaíocht leanúnach a chur ar fáil don phobal, chomh maith le gairmithe oilte agus saineolas a choinneáil. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag fóirdheontais, go háirithe i mbunú tosaigh IIF, ní straitéis fhadtéarmach inmharthana é a bheith ag brath orthu mar an t-aon fhoinse chistiúcháin amháin. Chun inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú, ní mór inmharthanacht eacnamaíoch a chomhtháthú i gcéimeanna luatha an deartha.

[20] Le glacadh faoin 31 Nollaig 2026 i gcomhréir le hAirteagal 3 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275. Sholáthraíodh teimpléid thiomnaithe do na Ballstáit chun cuidiú leo a bpleananna a ullmhú i gcomhréir le hIarscríbhinn II den Treoir maidir le FFF, lena n-áirítear pleananna maidir le hionaid ilfhreastail nó sásraí comhchosúla a chruthú de bhun Airteagal 18 ar mhaithe le comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin agus airgeadais a sholáthar'. Féach an teimpléad anótáilte ag: https://circabc.europa.eu/ui/group/8f5f9424-a7ef-4dbf-b914-1af1d12ff5d2/library/a8116057-2055-48e7-81c5-ee94a62de5c8.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh fóirdheontais le haghaidh seirbhísí IIFS cobhsaí le himeacht ama ach oiread agus d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar thosaíochtaí beartais agus srianta buiséadacha atá ag athrú, rud a d'fhágfadh go mbeadh éiginnteacht ag baint leis an bpleanáil fhadtéarmach. Cé gur féidir le fóirdheontais tacú go héifeachtach le treoirthionscadail agus leis an mbunú tosaigh, níl siad oiriúnach go leor do ghlacadh margaidh ar mhórscála, rud a éilíonn sreafaí airgeadais cobhsaí agus intuartha. D'fhéadfadh laghdú tobann nó ath-leithdháileadh tobann cistí poiblí cur isteach ar oibríochtaí agus IIF a nochtadh d'éagobhsaíocht airgeadais. Thairis sin, níl samhail atá ag brath ar fhóirdheontais inscálaithe. Chun seirbhísí a leathnú chun dul i gcion ar níos mó úinéirí tí nó réigiúin bhreise a shroicheadh, bheadh gá le méaduithe leanúnacha ar chaiteachas poiblí, rud nach bhfuil indéanta ach go hannamh.

Fiú nuair a bhíonn fóirdheontais ar fáil, is minic go mbíonn moill mhór á n-íoc, rud a chruthaíonn dúshláin maidir le sreabhadh airgid a d'fhéadfadh brú a chur ar oibríochtaí laethúla. Ina theannta sin, is iondúil go mbíonn éagsúlacht mhór idir coinníollacha cistiúcháin, agus fóirdheontais struchtúrtha trí rátaí laethúla, cnapshuimeanna nó leithdháiltí tionscadalbhunaithe, rud a chuireann le castacht na pleanála airgeadais. Ina theannta sin, is minic a shocraítear fóirdheontais phoiblí ag an íosmhéid is gá chun cúraimí sannta a chomhlíonadh, rud a chuireann teorainn le cumas eagraíochta cobhsaíocht airgeadais a fhorbairt. Tá dúshláin bhreise roimh eagraíochtaí beaga, go háirithe eagraíochtaí neamhbhrabúsacha. Bíonn deacrachtaí ag roinnt mhaith acu barrachais oibriúcháin athfhillteacha a ghiniúint, rud a fhágann go bhfuil sé deacair cúlchistí airgeadais a thógáil nó iasachtaí fadtéarmacha a fháil. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn siad ag brath ar mhaoiniú gearrthéarmach bainc ar rátaí arda úis, rud a ídíonn cuid shuntasach dá mbuiséid agus a bhaineann an bonn tuilleadh dá n-inbhuanaitheacht. Cuireann an leochaileacht airgeadais sin le cur chuige gearrthéarmach, rud a chuireann srian go minic leis an bpleanáil d'fhad na bhfóirdheontas atá ar fáil, idir 1 bhliain amháin agus 3 bliana de ghnáth. Mar thoradh ar na srianta sin, baintear úsáid fhorleathan as conarthaí gearrthéarmacha agus as teorainneacha tuarastail, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ag fostaithe pleanáil ghairme fhadtéarmach a dhéanamh. Cuireann láimhdeachas ard foirne, go háirithe i measc comhairleoirí, isteach ar leanúnachas agus laghdaíonn sé éifeachtacht fhoriomlán IIF.

Le maoiniú poiblí na mBallstát, ba cheart tacaíocht leanúnach do sheirbhísí IIF a áirithiú, chun leochaileacht airgeadais agus an baol go gcuirfí isteach ar an tseirbhís a sholáthraítear a laghdú, agus chun ligean do IIF saineolas faighte a choinneáil. An tráth céanna, chun samhail inbhuanaithe a thógáil, ní féidir le IIF brath go hiomlán ar chistiú seachtrach a d'fhéadfaí a tharraingt siar tráth ar bith mar gheall ar an timpeallacht pholaitiúil agus tosaíochtaí rialtais atá ag athrú. Ina ionad sin, dá ndéanfaí sásraí giniúna ioncaim a ionchorprú, d'fhéadfaí fás orgánach a spreagadh mar gheall ar éileamh seachas srianta buiséid phoiblí. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag fóirdheontais sna luathchéimeanna, ba cheart foinsí éagsúla cistiúcháin a chomhtháthú i straitéis fhadtéarmach, amhail ranníocaíochtaí úinéirí tí, comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí airgeadais nó tacaíocht tionscail.

### *4.7.2. IIF a shuí mar bhróicéir nó 'díolacháin faoi cheangal'*

Bunaithe ar an mbarúil go bhfuil drogall ar úinéirí tí íoc as seirbhísí comhairleacha, is éard atá i gceist le samhail ghnó choiteann amháin IIF a thairgeann a sheirbhísí saor in aisce d'úinéirí tí trí oibriú mar idirghabhálaithe. Sa tsamhail sin, cuireann IIF custaiméirí ar aghaidh chuig comhpháirtithe tríú páirtí a bhfuil comhaontuithe conarthacha acu leo agus saothraíonn siad coimisiún as iad a chur ar aghaidh chucu. Is samhail í seo atá glactha go forleathan cheana

féin san earnáil phríobháideach, áit ina bhfeidhmíonn bróicéirí feabhsúcháin tí, bróicéirí iasachta agus bróicéirí deimhnithe soshannta.

Mar sin féin, nuair a fhaigheann IIF luach saothair ó dhíolacháin cheangailte agus ó thríú páirtithe, ní féidir leo a mhaíomh a thuilleadh go n-oibríonn siad ar mhaithe le leas an úinéara tí agus ar mhaithe leis sin amháin. I gcásanna den sórt sin, aistríonn príomhchliant IIF ón úinéir tí go dtí an comhpháirtí tráchtála a chistíonn a chuid oibríochtaí.

### *4.7.3. Muirear a ghearradh ar úinéirí tí as na seirbhísí a sholáthraítear*

Trí pháirt a thabhairt d'úinéirí tí, a d'iompródh na costais a bhaineann le cuid de na seirbhísí a thairgtear, go hiomlán nó go páirteach, chuideofaí le hinbhuanaitheacht airgeadais oibríochtaí IIF a áirithiú. Mar shampla, d'fhéadfadh IIF muirear a ghearradh ar úinéirí tí as a seirbhísí tacaíochta ginearálta maidir le tionscadail athchóirithe fuinnimh a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus seirbhísí saor in aisce á soláthar an tráth céanna do theaghlaigh leochaileacha nó do limistéir áitiúla shonracha a bhuí le clár tacaíochta poiblí náisiúnta nó réigiúnach a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh athchóirithe fuinnimh. Braitheann rath an chur chuige sin ar cé acu a fheiceann nó nach bhfeiceann úinéirí tí luach leordhóthanach chun íoc as seirbhísí IIF. Cé gur lú an dúshlán a bhaineann leis sin le linn na céime tógála, is bacainn mhór fós é le linn na réamhchéimeanna comhairliúcháin agus pleanála. Is iondúil go n-eascraíonn an drogall sin ó úinéirí tí gan luach ná tábhacht na réamhsheirbhísí sin a aithint go hiomlán. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith ar cheann de phríomhspriocanna na hidirghabhála poiblí an dearcadh sin a athrú, agus tacaíocht dhíreach airgeadais do theaghlaigh níos leochailí á caomhnú an tráth céanna.

## 4.8. Ionaid ilfhreastail agus rialacha maidir le Státchabhair: breithnithe sonracha maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta

Féadfaidh eintitis éagsúla IIF a oibriú, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí nó leathphoiblí amhail údaráis áitiúla nó gníomhaireachtaí fuinnimh, ach eagraíochtaí príobháideacha freisin, idir chomhlachais agus grúpaí pobail agus fiontair tráchtála.

Leis an mbearna idir luas agus doimhneacht reatha an athchóirithe fuinnimh agus an scála agus an luas is gá chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach, go háirithe i dtéarmaí iomaíochais, slándáil fuinnimh agus maolú ar an athrú aeráide, tugtar údar le hidirghabháil phoiblí agus tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana a sholáthraíonn seirbhísí IIF agus chun cinn nua a bhunú agus a fhorbairt.

Faoi dhlí iomaíochta an Aontais, agus faoin dlí maidir le Státchabhair go sonrach, is féidir a mheas gur 'gníomhaíocht eacnamaíoch' é comhairle agus tacaíocht maidir le hathchóiriú a sholáthar san earnáil chónaithe phríobháideach, gan beann ar stádas dlíthiúil an eintitis lena mbaineann agus ar cé acu atá nó nach bhfuil sé ag lorg brabúis, toisc go bhféadfar a mheas go bhfuil an t-eintiteas sin in iomaíocht le comhlachtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla [21]. Cé nach gcuireann dlíthe an Aontais toirmeasc ar eintitis phoiblí dul i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ná ar údaráis phoiblí tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha a oibríonn 'sa mhargadh', ceanglaítear leis an aicmiú sin mar

[21] Féach mar shampla 'Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh', C/2016/2946. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=oj:JOC_2016_262_R_0001.

'ghníomhaíocht eacnamaíoch' go gcomhlíonfar coinníollacha sonracha chun comhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a áirithiú [22].

Cur chuige amháin is ea 'tacaíocht d'athchóirithe fuinnimh trí IIF' a shainmhíniú mar 'Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta' (SGEI), nuair a cheadaítear aicmiú den sórt sin le raon feidhme na seirbhísí a sholáthraítear. Go deimhin, tá feidhm ag coincheap SGEI faoi dhlí an Aontais maidir le seirbhísí a mheasann údaráis phoiblí a bheith fíor-riachtanach do shaoránaigh ach nach soláthródh an margadh go leordhóthanach iad gan idirghabháil phoiblí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh baint a bheith ag an gcáilíocht sin, mar shampla, le seirbhísí áirithe comhairleacha agus cúnaimh theicniúil nach soláthraíonn an margadh iad nó nach soláthraíonn an margadh go leordhóthanach iad ach nach mbaineann de ghnáth leis na hoibreacha athchóirithe fuinnimh iad féin. Is féidir le heintitis phoiblí nó cuideachtaí príobháideacha seirbhísí den sórt sin a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí, le formhaoirseacht rialála chun comhlíonadh caighdeán agus oibleagáidí a áirithiú.

## 5. CÁ HÁIT AR CHEART TACAÍOCHT ÓN AONTAS A FHÁIL?

Is iad na forálacha a bhaineann le IIF in athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE/2023/1791) agus in athmhúnlú na Treorach maidir le FFF (AE/2024/1275) an bhonnlíne chun seirbhísí IIF a chur chun feidhme. Dá réir sin, leagtar amach sa treoirdhoiciméad seo príomhbhreithnithe chun IIF a fhorbairt bunaithe ar an taithí agus ar na samhlacha a forbraíodh go dtí seo ar fud an Aontais, agus é á aithint nach n-oireann aon samhail aonair do gach cás. Ina ionad sin, tá gá le cur chuige saincheaptha, agus saintréithe sonracha gach réigiúin á gcur san áireamh. Beidh cur chun feidhme rathúil ag brath ar phróiseas solúbtha atriallach lena gcomhtháthaítear aiseolas ón tús, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann foghlaim, mionchoigeartú agus leathnú leanúnach a dhéanamh.

Chun tacú leis an bpróiseas sin, cuireann an Coimisiún cúnamh ar fáil chun IIF a bhunú chun cuidiú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe a bhaint amach. Áirítear leis sin tacaíocht airgeadais spriocdhírithe trí dheontais ghníomhaíochta faoina chláir chistiúcháin um aistriú chuig fuinneamh glan, chomh maith le malartuithe idir piaraí agus deiseanna líonraithe do chleachtóirí IIF.

Áirítear leis an gcúnamh sin tacaíocht airgeadais dhíreach agus indíreach trí shásraí cistiúcháin éagsúla. Is éard a bhíonn i gceist le tacaíocht dhíreach de ghnáth ná go ndámhann an Coimisiún an cistiú (deontais de ghnáth) go díreach do thairbhithe, bunaithe ar ghlaonna oscailte. Is é a bhíonn i gceist le tacaíocht indíreach de ghnáth go dtugann an Coimisiún an tacaíocht airgeadais do na Ballstáit, agus dámhann na Ballstáit í ar a seal ar thairbhithe deiridh.

### 5.1. Tacaíocht airgeadais dhíreach

#### *5.1.1. LIFE CET*

Le fochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE (LIFE CET), ag a bhfuil buiséad thart ar EUR 1 bhilliún faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, soláthraítear tacaíocht d'fhothú acmhainneachta, cúnamh forbartha tionscadail, glacadh sa mhargadh agus gníomhaíochtaí rialachais i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, na bhfoinsí in-athnuaite

[22] Mar a leagtar síos in Airteagal 107(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a leagtar amach tuilleadh i reachtaíocht ábhartha (liostaithe faoi https://competition-policy.ec.europa.eu/state-aid/legislation_en).

comhtháite agus an aistrithe chóir. Mar chuid den chlár oibre ilbhliantúil 2025-2027, tacóidh fochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE go sonrach le IIF a bhunú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóirithe fuinnimh mar chuid dá ghlaonna ar dheontais ghníomhaíochta thiomnaithe le buiséad táscach EUR 25 mhilliún thar an tréimhse 3 bliana. Go dtí seo, thacaigh fochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE agus a réamhtheachtaithe le beagnach 50 seirbhís athchóirithe tí a chur ar bun i 17 mBallstát éagsúla den Aontas (agus in 2 thír chomhlachaithe) [23]. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tacú le IIF a bhunú le haghaidh athchóirithe fuinnimh trí dheontais ghníomhaíochta le haghaidh cúnamh forbartha tionscadail agus le haghaidh tionscnaimh de chuid na n-údarás áitiúil agus réigiúnach.

Anuas ar an tacaíocht airgeadais ó na glaonna ar dheontais, tacaíonn fochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE le IIF trí fheasacht a mhúscailt agus trí na dea-chleachtais atá ann cheana a chur chun cinn, trí mhalartuithe idir piaraí, trí thacaíocht d'fhothú acmhainneachta agus trí phobal cleachtas IIF a bhunú. Cuireann tionscnamh ManagEnergy máistir-ranganna tiomnaithe ar fáil do ghníomhaireachtaí fuinnimh áitiúla agus réigiúnacha agus dá n-údaráis phoiblí chun tionscadail fuinnimh inbhuanaithe a chothú, a spreagadh agus chun tacú leo. Go háirithe, eagraítear máistir-ranganna tiomnaithe ManagEnergy maidir le IIF a bhunú le haghaidh athchóirithe fuinnimh.

### *5.1.2. ELENA - Cúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh*

Leis an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh (ELENA), atá á bainistiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) thar ceann an Choimisiúin, cuirtear deontais ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil chun tacú le tionscadail infheistíochta inbhuanaithe. Cuidíonn sé le heintitis phoiblí agus phríobháideacha éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus tionscnaimh iompair inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní airgeadais, teicniúla agus riaracháin. Clúdaíonn cistiú ELENA suas le 90 % de chostais ullmhúcháin na dtionscadal, lena n-áirítear staidéir indéantachta, pleanáil ghnó, straitéisí maoiniúcháin agus próisis soláthair. Ní mór do thionscadail incháilithe tionchar mór a léiriú, le fachtóirí giarála is gá de 20 ar a laghad le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus 10 le haghaidh tionscadail chónaithe. Ó seoladh é in 2009, tá os cionn EUR 337 milliún de dheontais slógtha ag ELENA, ag tacú le cathracha, réigiúin agus institiúidí poiblí chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach agus é mar aidhm aige os cionn EUR 11.3 billiún d'infheistíocht a shlógadh. Glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach, agus tugann saineolaithe BEI treoir d'iarratasóirí tríd an bpróiseas.

Mar chuid dá thacaíocht cúnaimh forbartha tionscadail, is féidir le Saoráid ELENA cuidiú le IIF tiomnaithe a bhunú le haghaidh feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe fuinnimh, agus é d'aidhm aici tacú le comhiomlánú na píblíne infheistíochta ábhartha. Le blianta beaga anuas, chuidigh Saoráid ELENA le 26 IIF a chur ar bun in 11 Bhallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an

---

23 An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), Giving LIFE to Europe's clean energy transition [Borradh a chur faoi aistriú na hEorpa chuig fuinneamh glan], https://cinea.ec.europa.eu/publications/digital-publications/giving-life-europes-clean-energy-transition_ga

Laitvia, an Ísiltír agus an Pholainn). Cuireann Saoráid ELENA tacaíocht ar fáil ar bhonn éilimh (tús freastail ar an gceann is túisce) [24].

Is féidir leis na Ballstáit Saoráid ELENA a úsáid ar an leibhéal náisiúnta freisin, chun samhail rathúil ELENA a mhacasamhlú trí úsáid a bhaint as foinsí maoiniúcháin eile (mar shampla, cistí beartais chomhtháthaithe, an Ciste don Nuachóiriú, cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta nó aon chistiú náisiúnta eile). D'fhéadfaí scéimeanna náisiúnta ELENA den sórt sin a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí áitiúla sonracha sa saineolas teicniúil agus airgeadais chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a ullmhú in earnálacha éagsúla. Chun na críche sin, is féidir leis na Ballstáit iarratas a dhéanamh ar threoirthionscadal faoi Shaoráid ELENA atá á bainistiú ag BEI faoi láthair, chun eolas a aistriú agus taithí a fháil le tacaíocht BEI.

## 5.2. Tacaíocht airgeadais indíreach: cistí an bheartais chomhtháthaithe agus an Ciste Aeráide Sóisialta

### *5.2.1. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*

Áirítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) beagnach EUR 80 billiún d'infheistíochtaí in athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus i dtógáil foirgneamh le linn na tréimhse 2021-2026. Comhcheanglaíonn an tSaoráid infheistíochtaí le hathchóirithe chun athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a éascú tuilleadh.

Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chuir roinnt mhaith Ballstát bearta lena mbunaítear seirbhísí ionad ilfhreastail san áireamh ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna), go háirithe leis an gcuspóir cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh a éascú agus tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil d'úinéirí tí i ndáil le hinfheistíochtaí RRPanna.

Mar shampla, áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile bearta chun IIF a bhunú chun athchóiriú foirgneamh poiblí agus príobháideach a éascú, agus an bhéim ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht. Tá IIF ionchorpraithe ag an Spáinn ina plean téarnaimh agus athléimneachta freisin chun tacú le hathchóiriú foirgneamh cónaithe, agus béim ar leith ar bhochtaineacht fuinnimh a laghdú. Bhí an Phortaingéil i bhfabhar cur chuige comhbheartaithe trí phrótacal comhair a shíniú i measc gníomhaireachtaí agus comhlachais ábhartha chun ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a chruthú do shaoránaigh.

Is é is aidhm do thacaíocht STA do na tionscnaimh sin feabhas a chur ar chomhordú agus éifeachtúlacht na dtionscadal athchóirithe fuinnimh, lena n-áiritheofar go bhfaighidh úinéirí tí cúnamh comhtháite teicniúil, riaracháin agus airgeadais. Trí thacaíocht STA a ghiaráil, is féidir leis na Ballstáit dlús a chur le cur in úsáid IIF, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Tar éis tacaíocht STA a thabhairt i gcrích, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh riaracháin náisiúnta de na seirbhísí sin a sholáthraíonn cúnamh comhtháite teicniúil, riaracháin agus airgeadais d'úinéirí tí dá dtionscadail athchóirithe fuinnimh.

---

[24] Iarrtar ar thionscnóirí tionscadail teagmháil a dhéanamh le Saoráid ELENA tríd an bhfaisnéis teagmhála ar shuíomh gréasáin ELENA.

### 5.2.2. *Cistí beartais comhtháthaithe*

Le linn chlárthréimhse 2021-2027, tá EUR 22 bhilliún d'infheistíocht beartaithe faoi chuspóir sonrach an bheartais chomhtháthaithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (RSO2.1) [25]. Chun cur chun feidhme na dtionscadal sin a chur chun cinn, tacaíonn cistí an bheartais chomhtháthaithe freisin le fothú acmhainneachta na n-údarás poiblí. Cuirtear cúnamh teicniúil breise atá nasctha le cur chun feidhme an chláir ar fáil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Leibhéal na mBallstát — tacaíocht d'fhothú acmhainneachta

Is féidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus leis an gCiste Comhtháthaithe (CC) tacú le IIF a bhunú faoi Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [26], ina sonraítear go bhféadfaidh na cistí sin tacú le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar acmhainneacht údaráis na gclár sna Ballstáit, chomh maith le hacmhainneacht na ngníomhaithe earnála nó críochacha atá freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh atá ábhartha do chur chun feidhme na gcistí sin, ar choinníoll go rannchuidíonn sé sin le cuspóirí an chláir. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás IIF lena gcuirtear athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh chun cinn le hacmhainní cláir CFRE/CC agus i gcomhréir le cuspóir sonrach 2.1.

Cúnamh teicniúil ar leibhéal an Aontais

Sheol Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh an clár oibre 'Comhtháthú le haghaidh Aistrithe' (C4T) chun tacú le cur chun feidhme tionscadal infheistíochta san aistriú inbhuanaitheachta arna gcistiú ag CFRE agus CC faoi chuspóir beartais 2. Leis an gclár soláthraítear fothú acmhainneachta saincheaptha do réigiúin incháilithe chomh maith le tacaíocht chomhairleach lena gcumhdaítear réimsí amhail an t- aistriú fuinnimh, an geilleagar ciorclach, bainistiú uisce, oiriúnú don athrú aeráide agus bithéagsúlacht. Mar shampla, is féidir a áireamh ar na príomhghníomhaíochtaí tacaíochta anailís ar shásraí cistiúcháin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun dea-chleachtais i maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint, chomh maith le ceardlanna tiomnaithe maidir le samhlacha airgeadais, roghanna praghsála agus straitéisí le haghaidh seirbhísí IIF.

**Sampla de Chúnamh Teicniúil C4T: Athchóirithe Fuinnimh a Mhaoiniú — Samhail Ionad Ilfhreastail Plovdiv**

Fuair Gníomhaireacht Fuinnimh Plovdiv sa Bhulgáir cúnamh chun IIF a bhunú le haghaidh athchóiriú foirgneamh cónaithe i réigiún Plovdiv mar sheirbhís fhéinchothaitheach [27]. Leis an gcúnamh, tugadh aghaidh ar an easpa roghanna maoiniúcháin le haghaidh athchóiriú cónaithe sa Bhulgáir agus breathnaíodh ar ionstraimí agus modhanna airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann chun próisis athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a chistiú, castacht a laghdú agus infheistíocht phríobháideach a spreagadh.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tacaíochta bhí:

**Dea-chleachtais maidir le maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh:** anailís ar shásraí

[25] https://cohesiondata.ec.europa.eu/cohesion_overview/21-27/#financing.

[26] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, IO L 231, 30.6.2021, lch. 60–93, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1058/oj.

[27] Factsheet_C4T_TA_Support_Plovdiv.pdf; Inforegio - Comhtháthú le haghaidh Aistrithe (C4T)
.

cistiúcháin an Aontais agus ar shásraí cistiúcháin náisiúnta, amhail tionscnamh AE Renovate, acmhainní an bheartais chomhtháthaithe agus samhlacha cistiúcháin phríobháidigh. Le dea-chleachtais ó Bhallstáit amhail an Eastóin, an Fhrainc agus an Ísiltír, cuireadh straitéisí airgeadais éifeachtacha le haghaidh athchóiriú fuinnimh i láthair.

**Samhlacha maoiniúcháin agus roghanna praghsála:** le trí cheardlann, tugadh isteach samhlacha maoiniúcháin agus straitéisí le haghaidh seirbhísí IIF ina raibh léargais ó Bhallstáit an Aontais (an Bheilg, an Spáinn, an Laitvia agus an tSlóivéin), agus cuir chuige nuálacha amhail maoiniú atá nasctha le maoin, deontais réamh-mhaoinithe agus conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh á gcur i dtábhacht.

### *5.2.3. Ciste Aeráide Sóisialta*

Cuirfidh an Ciste Aeráide Sóisialta (SCF) cistiú tiomnaithe ar fáil do na Ballstáit ionas go dtabharfar tacaíocht dhíreach do ghrúpaí leochaileacha, amhail teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh nó iompair.

Maidir le fuinneamh, féadfaidh na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta a úsáid chun tacú le bearta struchtúracha agus le hinfheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh, in athchóiriú foirgneamh, i dtéamh agus fuarú glan, agus i gcomhtháthú fuinnimh in-athnuaite, ag díriú go príomha ar theaghlaigh leochaileacha agus ar mhicrifhiontair leochaileacha a ndéanann na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar a áireamh sa chóras trádála astaíochtaí (CTA2) difear dóibh.

Chun rochtain a fháil ar chistiú, tá na Ballstáit le pleananna aeráide sóisialta náisiúnta a dhréachtú ina liostófar agus ina míneofar na bearta agus na tionscadail infheistíochta uile atá beartaithe. Chun na bearta agus na tionscadail a mhaoiniú chun cabhrú leis na grúpaí is leochailí, tá an Ciste Aeráide Sóisialta le hioncam ó cheantáil lamháltas ó CTA2 agus ó lamháltais ó CTA AE atá ann cheana a chomhthiomsú. In éineacht le ranníocaíocht éigeantach 25 % ó na Ballstáit lena bpleananna aeráide sóisialta, ba cheart don Chiste Aeráide Sóisialta EUR 86.7 billiún ar a laghad de chistiú poiblí a shlógadh thar an tréimhse 2026-2032.

Tá tacaíocht IIF mar chuid de na pleananna aeráide sóisialta náisiúnta arna mbunú faoin gCiste Aeráide Sóisialta incháilithe faoi Airteagal 8(1), pointí (c) agus (d) de Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [28].

Leis an bhFógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta' [29] iarrtar ar na Ballstáit freisin 'breithniú a dhéanamh ar ionaid ilfhreastail a bhunú ina gcuirfear seirbhísí comhairleacha agus oideachais ar fáil ina gcomhcheanglaítear roghanna éagsúla cistiúcháin (deontais, iasachtaí le leibhéil éagsúla cómhaoinithe agus rátaí úis, agus ionstraimí airgeadais) ag brath ar leibhéal ioncaim, staid mhaireachtála, cineál tógála, lena n-áirítear i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí áitiúla agus idirghabhálaithe airgeadais'.

[28] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, IO L 130, 16.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/955/oj).

[29] Fógra ón gCoimisiún — Treoraíocht maidir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta, C(2025) 881 final (IO C, C/2025/1597, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1597/oj)

Ina theannta sin, le hIarscríbhinn I, Tábla 1, roinn B1, a ghabhann leis an bhFógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht theicniúil maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta',[30] eisiatar 'Gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le faisnéis, oideachas, feasacht agus comhairle a sholáthar maidir le bearta costéifeachtacha, infheistíochtaí agus maidir leis an tacaíocht atá ar fáil le haghaidh athchóirithe foirgneamh, éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú, lena n-áirítear coigilteas fuinnimh agus laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh' ón oibleagáid fianaise a sholáthar go bhfuil an ghníomhaíocht i gcomhréir leis na prionsabail gan dochar suntasach a dhéanamh. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca an Ciste Aeráide Sóisialta a úsáid chun IIF a chur ar bun. Mar sin féin, ní mór an bhéim ar theaghlaigh leochaileacha agus ar mhicrifhiontair a choinneáil ar bun.

[30] Iarscríbhinní a ghabhann leis an bhFógra ón gCoimisiún Treoraíocht theicniúil maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta, C(2025) 880 final, 5.3.2025.

## 6. FOSCRÍBHINN — TAGAIRTÍ ÚSÁIDEACHA

Soláthraítear san Fhoscríbhinn seo liosta d'acmhainní úsáideacha is féidir a cheadú chun seirbhísí IIF a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Sonraítear ann na céimeanna éagsúla den 'turas custaiméara'. Cuirtear i láthair ann freisin réitigh phraiticiúla a forbraíodh trí threoirthionscadail IIF, le tacaíocht ó chláir Fís 2020 agus LIFE CET, a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí inspioráide.

Go sonrach, le tacaíocht ó chlár LIFE CET, tá pobal Eorpach cleachtóirí IIF [31] á chruthú ag an tionscadal **EU-PEERS**. Éascaíonn an tionscnamh seo comhroinnt eolais agus neartaíonn sé saineolas comhchoiteann i seirbhísí comhtháite athchóirithe tí. Ar an gcaoi sin, tá sé d'aidhm ag EU-PEERS feabhas a chur ar dhálaí le haghaidh IIF trí mholtaí agus trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa mhargadh.

Ina chroílár, nascann an pobal cleachtais cleachtóirí le chéile chun comhoibriú ar dhúshláin choiteanna. Feidhmíonn sé trí shé ardán náisiúnta agus réigiúnacha in Éirinn, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Ungáir agus sna Stáit Bhaltacha, mar aon le hardán breise le haghaidh for-rochtain ar fud an Aontais. Óstálann na hardáin sin gníomhaíochtaí piarfhoghlama tráthrialta, imeachtaí líonraithe duine le duine agus seisiúin fothaithe acmhainneachta ar líne. Tacaíonn clár meantóireachta tiomnaithe le tionscnaimh nua IIF freisin. Tá an pobal oscailte do IIF agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le hathchóiriú tí, rud a chuireann deiseanna éagsúla rannpháirtíochta agus comhair ar fáil.

Ina theannta sin, tá an tAontas ag tacú le tionscadail an Aontais maidir le seirbhísí IIF le haghaidh athchóirithe fuinnimh le roinnt blianta anuas. Tá an-chuid taithí, dea-chleachtais agus anailíse curtha ar fáil ag na tionscadail sin sna naisc thíos, agus cuireadh san áireamh iad agus an treoir phraiticiúil seo á cur ar fáil.

### 6.1. AE-PEERS — Pobal cleachtóirí na n-ionad ilfhreastail

- Suíomh gréasáin an tionscadail: https://www.eu-peers.eu/.
- Fóram ar líne: https://eu-peers.humhub.com.

### 6.2. Tagarmharcanna agus anailís

- Milin C., Bullier A. (2021), 'Towards large-scale roll out of "integrated home renovation services in Europe"', Imeachtaí na Comhairle Eorpaí le haghaidh Staidéar Samhraidh ar Gheilleagar atá Tíosach ar Fhuinneamh, 2021.
- INNOVATE (2020). Conas ionad ilfhreastail a chur ar bun le haghaidh athchóiriú comhtháite fuinnimh baile? Treoir céim ar chéim d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaithe eile (https://energy-cities.eu).

---

[31] Féach https://www.eu-peers.eu/ agus https://eu-peers.humhub.com.

.

- INNOVATE (2020). Fardal dea-chleachtas chun pacáiste comhtháite seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh a bhunú lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú fadtéarmach d'úinéirí tí (https://europa.eu/!B6yd4Y).

- ORFEE (2024). Conas seirbhís áitiúil tacaíochta agus maoinithe a chruthú le haghaidh athchóiriú fuinnimh? Sampla na gcuideachtaí maoinithe tríú páirtí sa Fhrainc (ORFEE_SERAFIN_Methodological-guide_FINAL.pdf).

- ORFEE (2024). Níos mó ionaid ilfhreastail chun borradh a chur faoin athchóiriú fuinnimh sa bhaile. Conas creat náisiúnta tacaíochta a bhunú d'ionaid ilfhreastail áitiúla? (https://serafin-renov.fr/).

- PEER (2021). Tagarmharc dea-chleachtas inmhacasamhlaithe (https://europa.eu/!VD6gCj).

- PRORETRO (2021). Anailís ar shamhlacha gnó ionaid ilfhreastail atá ann cheana san Aontas lena gcuirtear iarfheistiú foirgneamh chun cinn san earnáil chónaithe phríobháideach (https://europa.eu/!3WVybm).

- PRORETRO (2024). Achoimre ar Bheartas. Moltaí ón tionscadal ProRetro (https://europa.eu/!8gjpnk).

## 6.3. Pacáistí torthaí CORDIS

- Giving LIFE to Europe's clean energy transition [Borradh a chur faoi aistriú na hEorpa chuig fuinneamh glan] (https://cinea.ec.europa.eu/publications/digital-publications/giving-life-europes-clean-energy-transition_ga).

- An t-aistriú chuig fuinneamh glan áitiúil: údaráis áitiúla mar thiomántóirí d'Eoraip dhícharbónaithe (https://europa.eu/!7vKBwW).

- Athchóiriú domhain: cineálacha nua cur chuige chun an margadh athchóirithe a athrú ó bhonn (https://europa.eu/!GW8Fd3).

- Maoiniú príobháideach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh: réitigh nua chun aistriú fuinnimh na hEorpa a chistiú (https://europa.eu/!rb66nQ).

- Scileanna tógála: scileanna nua a ghiaráil d'earnáil na tógála chun an Comhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach (https://europa.eu/!HgXGfv).